

Leabhar na mBreithiún

Tugtar Leabhar na mbreithiún ar an leabhar so toisc cúntas a bheith ann ar na nithibh a thárla an fhaid a bhí rialtas Israél 'na chúram ar na breithiúin, sara raibh ríthe acu. De réir mar a chreidid an chuid is mó de lucht an eólais is é an fáidh Samuel do scribh an leabhar.

Caib. a hAon

Slógadh agus bua Iúda in aghaidh na gCanaaníteach: curtar suas leo 'na lán áiteanna.

1 Tar éis bháis Iósúe do chuaigh clann Israél i gcómhairle leis an dTiarna, agus dúradar: Cé a raghaidh rómhainn suas i gcoinnibh na gCanaaníteach agus a bheidh 'na cheann ar an gcogadh? 2 Agus duairt an Tiarna leo: Iúda do raghaidh suas. Féach, tá an tír tabhartha isteach 'na lámh agam do. 3 Agus duairt Iúda lena dhriotháir Símeón, Tar suas liomsa isteach im chrannchur agus cómhraic leis an gCanaaníteach, i dreó go raghadsa, leis, isteach id chrannchursa, in éineacht leat. Agus chuaigh Símeón leis. 4 Agus chuaigh Iúda suas, agus thug an Tiarna an Chanaaníteach agus an Pheresíteach isteach 'na lámhaibh dóibh, agus mharaíodar deich míle fear díobh in mBesec, 5 agus fuaradar Adonibesec i mBesec agus throideadar leis. Agus do chloíodar an Chanaaníteach agus an Pheresíteach, 6 agus do theith Adonibesec: agus do leanadar é agus thógadar é, agus ghearradar méireanna a chos agus a lámh de. 7 Agus duairt Adonibesec: Bíodh seacht ndeichniúir de ríthibh ag bailiú fuíollaigh an bhídh fém bórsa, agus méireanna a gcos agus a lámh gearrtha dhíobh. Mar a dheineas atá cúiteamh déanta ag Dia liom. Agus thugadar leo é go Iérúsalem agus fuair sé bás ann.

8 Agus d'imdhruid clann Iúda cathair Iérúsalem¹ agus thógadar í agus chuireadar fé ghoin claímh í, agus chuireadar an chathair go léir trí thine. 9 Agus 'na dhiaidh san chuadar agus throideadar leis an gCanaaníteach a chónaigh in sna cnucaibh, agus sa taobh theas, agus in sna machairibh. 10 Agus chuaigh Iúda ar aghaidh agus throid sé an Chanaaníteach a chónaigh i Hebron² (agus Cariat-Arbe an ainm a bhí fadó ar an áit), agus mhairbh sé Sesai, agus Ahiman, agus Tolmai. 11 Agus d'imigh sé as san agus chuaigh sé go dtí muintir Dhabir, ar a dtugaithí mar ainm sa tseanaimsir Cariat-Sepher, 'sé sin, cathair na leitreach³. 12 Agus duairt Caleb: an té a thógfaidh agus d'ídeoidh Cariat-Sepher is do a thabharfad m'íníon Acsa mar mhnaoi. 13 Agus thóg Otoniel, an tarna mac a bhí ag Cenes, agus driotháir óg do Chaleb, thóg sé an chathair agus thug Caleb Acsa mar mhnaoi dho. 14 Agus nuair a bhí sí ag imeacht ar an slí, duairt a fear léi páirc a dh'iarraidh ar a hathair. Agus bhí sí 'na suí ar muin an asail, agus chuir sí osna aisti, agus duairt Caleb léi: Cad 'tá ort? 15 Agus duairt sise: Tabhair beannacht dom, óir is talamh tirim atá tabhartha agat dom: tabhair dom talamh uisciúil, leis. Agus ansan thug Caleb di an talamh uisciúil uachtarach agus an talamh uisciúil íochtarach. 16 Agus chuaigh clann an Chinítigh⁴, gaol Mhaoise, chuadar suas ó chathair na bhfailm, in éineacht le claínn Iúda, isteach i bhfiantas a chrannchuir, atá ar an dtaobh theas d'Arad, agus chónaíodar 'na theannta.

- 1 Caib. 1. véar. 8. “Iérúsalem”. Bhí an chathair 'na dhá cuid. “Iebus” a tugtí ar chuid di agus “Salem” ar an gcuid eile. Bhí cuid di i dtreibh Iúda agus an chuid eile i dtreibh Bheniamín. Nuair a thóg treibh Iúda í agus do loisceadar í, níorbh fhada gur chuir na Iebusítigh suas arís í, mar is féidir a thuiscint ó véar. 21, agus chimeádar seilbh inti go dtí gur thóg Dáivid í.
- 2 Véar. 10. “Hebron”. An imeacht san in aghaidh Hebroin, &c, is uirthi atá trácht i Iós. 15:34. Tráchtaithear anso arís ar an imeacht gcéanna chun cúntas gairid do chur os cómhair an léitheóra ar na gníomharthaibh go léir a dhein treibh Iúda in aghaidh na gCanaaníteach.
- 3 Véar. 11. “Cathair na leitreacha”, mar gheall, b'fhéidir ar mhórscoil éigin a bheith ann, nú leabharlann éigin.
- 4 Véar. 16. “An Ciníteach”. Do tugtí “Cinaeus”, nú an “Ciníteach” ar Ietró, athair céile Mhaoise, agus tháinig a chlann in éineacht le claínn Israél agus chónaíodar 'na measc i dtír Chanaan, agus ghlacadar a gcreideamh agus a ngnása cráifeachta. Is uathu san a shíolraigh na Rechabíteacha (feic. Ier. 35).
—*Ibid.* “Cathair na bhfailm”, .i. Iéricho, trí iomad na gcrann failme.

17 Agus d'imigh Iúda in éineacht lena dhriotháir Símeón, agus in éineacht dóibh, do chloíodar na Chanaanítigh a bhí 'na gcónaí i Sephaat agus mharaíodar iad. Agus do tugadh mar ainm ar an gcathair sin Horma, 'sé sin, Anatema. 18 Agus do thóg Iúda Gasa¹ agus a críocha, agus Ascalon, agus Accaron mar aon lena gcríochaibh. 19 Agus bhí an Tiarna le Iúda agus do shealbhaigh sé tír na gcnuc: ach níor fhéad² sé muintir an ghleanna d'ídiú, óir bhí mórán carbat acu agus iad armtha le spealaibh. 20 Agus thugadar Hebron do Chaleb, mar a bhí ráite ag Maois. Agus d'ídigh Caleb amach as san triúr mac Enaic. 21 Ach níor ídigh clann Bheniamín na Iebusítigh a chónaigh i Iérúsalem. Agus tá Iebusíteach tar éis cónaí ' dhéanamh i dteannta ' chlainne Bheniamín in Iérúsalem go dtí an lá so.

22 Do chuaigh teaghlach Ióseph suas, leis, in aghaidh Bhetal agus bhí an Tiarna leó, 23 óir nuair a bhíodar ag imdhruidim na cathrach ar a dtugtí Lusa roimis sin, 24 do chonacaadar fear ag teacht amach as an gcathair agus dúradar leis: Taispeáin dúinn an tslí isteach sa chathair agus déanfaimid coimirce ort. 25 Agus thaispeáin sé an tslí dhóibh agus chuireadar an chathair fé ghoin claímh; ach do leogadar saor an fear san agus a ghaolta go léir. 26 Agus nuair a cuireadh chun siúil é d'imigh sé isteach i dtír Hetim agus chuir sé suas cathair ann agus thug sé Lusa mar ainm uirthi, agus tugtar an ainm sin uirthi go dtí an lá so.

27 Agus Manasses, leis, níor ídigh sé Betsan agus Tanac agus a mbailte, ná lucht áitribh Dóir agus Ieblaaim agus Mageddo agus a mbailte. Agus do thosnaigh an Chanaaníteach ar chónaí ' dhéanamh 'na dteannta. 28 Ach nuair a neartaigh Israél do chuir sé fé chíos iad agus níorbh áil leis iad d'ídiú.

29 Agus níor ídigh Ephraim an Chanaaníteach a bhí 'na chónaí i nGaser, ach cónaí ' dhéanamh 'na theannta. 30 Agus níor ídigh Sabulon lucht áitribh Chetroin agus Naaloil: ach do chónaigh an Chanaaníteach 'na measc ag díol chíosa leó. 31 Aser, mar a gcéanna, níor ídigh sé muintir Accho, agus Shídoín agus Ahalaib agus Ahasib agus Helba agus Rohoib: 32 agus do chónaigh sé i lár na gCanaaníteach, lucht áitribh na tíre sin, agus níor chuir sé chun báis iad. 33 D'fhág Nephtalí, leis, gan dísciú lucht áitribh Bhetsames agus Bhetanait, agus chónaigh sé i lár na gCanaaníteach a bhí ag áitreabh na tíre agus bhí na Betsamítigh agus na Betanítigh ag díol chíosa leis. 34 Agus do chúngaigh an tAmorrhíteach sliocht Dain sa chnuc agus níor leogadar dóibh teacht anuas ar an machaire: 35 agus do chónaigh sé³ i gcnuc Heres (ciallaíonn Hares sligreach), in Aialon agus i Salebim. Agus bhí lámh teaghlaigh Ióseph trom air agus do luigh sé fé chíos do. 36 Agus b'é críoch an Amorrhítigh, ó éirí an *Scorpioin*, an charraig, agus na háiteanna ársa.

Caib. a Dó

Aingeal ag imdheargadh Israél. Iad san ag gol mar gheall ar a bpeacaibh. Iad ag titim sa pheaca go minic tar éis bháis Iósué. Deinid siad aithrí agus fuascaltar iad óna nguaisibh, agus titid siad arís agus arís eile níos tiubaistí.

1 Agus chuaigh aingeal⁴ ón dTiarna suas ó Ghalgal go dtí áit na gcaointeóirí, agus duairt sé: Chuireas ' fhéachaint oraibh imeacht as an Éigipt, agus thugas isteach sibh sa tír gur dhearbhaíos d'úr n-aithreachaibh 'na taobh: agus gheallas ná cuirfinn mo chonradh libh ar neamhni go deó: 2 ar choinníll ná déanfadh sibhse conradh le muintir na tíre seo, ach go leagfadh sibh ar lár a n-altóreacha: agus ní éistfeadh sibh lem ghlór: cad chuige dhíbh an ní sin do dhéanamh? 3 Dá bhrí sin ní háil liomsa iad san do dhísciú as úr radharsa: i dtreo go mbeidh namhaid agaibh agus go gcuirfid

1 Véar. 18. "Gasa". Trí príomhchathracha leis na Philistínigh iad san, agus tá trácht mór orthu i seanchas eagailse agus i seanchas tuatha. Do thóg clann Israél iad an uair adeirtear, ach níor chuireadar aon lucht cimeáda iontu agus níorbh fhada gur thóg na Philistínigh thar n-ais iad.

2 Véar. 19. "Níor fhéadadar", .i. trí eagla neamhchróga roimis na carbait a bhí armtha le spealaibh agus le corránaibh; agus trí easpa muiníne as Dia.

3 Véar. 35. "Do chónaigh sé", .i. an tAmorrhíteach.

4 Caib. 2. véar. 1. "Aingeal". Do ghlac sé cló duine air.

Leabhar na mBreithiún

a ndéithe ar úr n-aimhleas sibh. 4 Agus nuair a labhair aingeal an Tiarna an chainnt sin le cláinn Israél go léir, d'árdaíodar a nglór agus bhíodar ag gol: 5 agus do tugadh mar ainm ar an áit sin, áit na gcaointeoirí, nú áit na ndeór: agus d'ofráladar íbirtí chun an Tiarna san áit sin. 6 Agus chuir Iósúé¹ uaidh na daoine agus d'imigh clann Israél, gach duine chun a shealúis féinig chun é ' chimeád. 7 Agus d'fhriotháladar an Tiarna i gcaitheamh a laethanta san uile, agus laethanta na seanóirí a mhair 'na dhiaidh ar feadh i bhfad, agus gurbh eól dóibh oibreacha uile an Tiarna, a bhí déanta aige ar son Israél. 8 Agus fuair seirbhíseach an Tiarna, Iósúé mac Nuin, bás, agus é céad agus deich mbliana dh'aois. 9 Agus d'adhacadar é i gcríochaibh a shealúis féin, i dTamnatsare, i gcnuc Ephraim, ar an dtaobh thuaidh de chnuc Ghaais. 10 Agus do bailíodh chun a n-athrach an tsliocht san go léir, agus d'éirigh sliocht eile agus ní raibh aithne acu ar an dTiarna ná ar na hoibreachaibh a dhein sé ar son Israél.

11 Agus do dhein clann Israél an t-olc i radharc an Tiarna, agus d'fhriotháladar Baalim 12 agus d'imíodar ón dTiarna, ó Dhia a n-athrach, do thug amach iad a tír na hÉigipte: agus do leanadar déithe iasachta², déithe na ndaoine a bhí 'na gcónaí mórthímpall orthu, agus d'adhradar iad, agus do ghríosadar an Tiarna chun feirge, 13 dhá thréigean, agus ag friothálamh Bhaail agus Astaróit. 14 Agus nuair a bhí an Tiarna i bhfeirg le cláinn Israél thug sé suas do lucht foghla iad. Agus thóg na foghlaithe iad agus dhíoladar iad lena namhaid a bhí 'na gcónaí mórthímpall: agus, leis, ní rabhadar ábalta ar sheasamh in aghaidh a namhad: 15 ach pé treó 'nar thoil leó gabháil, bíodh lámh an Tiarna orthu, fé mar aduairt sé agus fé mar a bhí dearbhaithe aige leó: agus bhíodar i gcruachás. 16 Agus d'árdaíodh an Tiarna suas breithiúin chun iad a dh'fhuascail a lámhaibh na ndaoine a bhíodh ag déanamh foiréigin orthu, agus ní éistidís leó, 17 ach adh déanamh adhaltranais le déithibh iasachta agus dhá n-adhradh. D'imíodar go luath ón slí 'na siúlaíodh a n-aithreacha; agus, ag éisteacht le haitheantaibh an Tiarna dhóibh do dheinidís gach ní 'na n-aghaidh. 18 Agus nuair a dh'árdaíodh an Tiarna breithiúin dóibh, do bogtí é chun trócaire 'na laethantaibh sin, agus d'éisteacht sé le hochón na ndaoine a bhíodh i gcruatan, agus d'fhuascadh sé iad ó ár na bhfoghlaith. 19 Ach nuair a gheibheadh an breithiún bás d'iompaídís agus dheinidís olc níba mheasa go mór ná mar a bhíodh déanta ag á n-aithreachaibh, ag imeacht i ndiaidh déithe iasachta agus dhá bhfriothálamh agus dhá n-adhradh. Ní scaraidís lena gceapadóireachtaibh féin ná leis an slí cheanndána 'nar ghnáth leó siúl.

20 Agus do las fíoch an Tiarna in aghaidh Israél, agus duairt sé: Féach tá an náisiún so tar éis mo chonnartha do chur ar neamhní, an chonnradh do dheineas lena n-aithreachaibh agus is scorn leó éisteacht lem ghlór: 21 agus ní ídeódsa, leis, na geinte seo a dh'fhág Iósúé 'na dhiaidh nuair a fuair sé bás, 22 i dtreó, tríothu san, go bhféadfadh Israél do thriail, féachaint an gcimeádfaid siad slí an Tiarna agus an siúlóid siad inti mar a dhein a n-aithreacha, nú ná déanfaidh. 23 Do scaoil an Tiarna, dá bhrí sin, leis na geintibh sin go léir, agus níorbh áil leis iad do dhísciú go hobann, ná níor thug sé isteach iad i lámhaibh Iósúé.

Caib. a Trí

Na daoine ag titim in íodaladhradh agus a namhaid ag déanamh éigin orthu: ansan iad ag déanamh aithrí, agus Otoniel agus Aod agus Samgar dhá bhfuascail.

1 Véar. 6. "Iósúé". Curtar an méid sin isteach san áit sin arís ó Iós. 24 i bhfuirm aithínsint ar ar thit amach cheana, agus mar thabhairt isteach ar na nithibh atá ag teacht.

2 Véar. 12. "Do leanadar déithe iasachta". An ní adeirtear san áit sin i dtaobh chlainne Israél agus i dtaobh a dtitim chómh minic in íodaladhradh, is ar a lán acu a tuigtear é. Ní luíonn sé orthu go léir. Níor cailleadh an fíorchreideamh ar fad eatarthu in aon chor.

Leabhar na mBreithiún

1 Sid iad na geinte a dh'fhág an Tiarna, i dtreó go ndéanfadh sé Israél, agus an mhuíntir nár chuir eólas ar chogaibh na gCanaaníteach, do mhúineadh: 2 ionas go bhfoghlamódh a gclann, 'na dhiaidh san, conas troid lena namhaid, agus go mbeadh taithí acu ar chogadh: 3 an cúigear príúnsaí Philistíneacha, agus na Chanaaníteacha go léir, agus na Sídoniánaigh, agus na Hevítigh a bhí 'na gcónaí i gcnuc Libanuis ó chnuc Bhaail Hermoin go dtí mar a dtéitear isteach in Emat. 4 Agus d'fhág sé ann iad i dtreó go dtrialfadh sé Israél leó, eadhon an éistfidís le haitheantaibh an Tiarna, a dh'órdaigh sé dá n-aithreachaibh trí lámh Mhaoise, nú ná héistfidís. 5 Ansan bhí clann Israél 'na gcónaí i lár an Chanaanítigh, agus an Hetítigh agus an Amorrhítigh agus an Pheresítigh agus an Hevítigh agus an Iebusítigh: 6 agus bhíodar ag tógaint a n-iníonacha san le pósadh agus ag tabhairt a n-iníonacha féin dá macaibh sin le pósadh agus bhíodar ag adhradh a ndéithe. 7 Agus bhíodar ag déanamh an uilc i radharc an Tiarna. Agus dheineadar dearúd dá nDia féin, agus bhíodar ag adhradh Bhalaaim agus Astaroit. 8 Agus bhí fearg ar an dTiarna chun Israél agus thug sé suas iad i lámhaibh Chusain Rasataim, rí Mhesopotámia¹, agus bhíodar ocht mbliana ag seirbhís do. 9 Agus ghlaodar ar an dTiarna, agus d'árdaigh an Tiarna fuascaltóir dóibh, eadhon Otoniel mac Chenes, driotháir óg Chaleb. 10 Agus bhí sprid an Tiarna sa bhfear san, agus bhí sé 'na bhreithiún ar Israél. Agus chuaigh sé amach chun troda agus do thug an Tiarna isteach 'na lámhaibh do Chusain Rasataim, rí Suíria, agus do threascair sé é. 11 Ansan bhí suaimhneas ag an dtír ar feadh daichead bliain, agus fuair Otoniel mac Chenes bás.

12 Ansan bhí clann Israél ag déanamh an uilc arís i radharc an Tiarna. Agus do neartaigh an Tiarna Eglon, rí Mhoab, 'na gcoinnibh toisc iad a bheith ag déanamh an uilc 'na radharc. 13 Agus do dhlúthaigh sé leis clann Ammoin agus clann Amalec, agus d'imigh sé agus do threascair sé Israél agus ghlac sé seilbh i gcathair na gcrann failme. 14 Agus bhí clann Israél ag seirbhís d'Eglon, rí Mhoab, ar feadh ocht mbliana déag. 15 Ansan do ghlaodar ar an dTiarna, agus do thóg an Tiarna chúthu fuascaltóir dár bh ainm Aod mac Ghera mhic Iéminí, fear gur chómhdeas do an dá lámh. Agus do chuir clann Israél tabharthaistí leis an bhfear san ag triall ar rí Mhoab. 16 Agus dhein sé claiómh dhá fhaobhar do féin agus dornchar 'na lár a bhí chómh fada le bas lámha, agus bhí an claiómh san daingean ar a cheathrúin ndeis aige féna bhrat. 17 Thug sé na tabharthaistí d'Eglon, rí Mhoab. Ach bhí Eglon ana-bheathaithe. 18 Agus nuair a bhí na tabharthaistí tabhartha dho aige do lean sé na comrádaithe a tháinig in éineacht leis. 19 Agus ansan tháinig sé thar n-ais ó Ghalgal mar a raibh na hídail agus duairt sé leis an rí: tá teachtaireacht fé rún agam duit, a rí. Agus d'fhógair seisean ciúnas, agus d'imigh an mhuíntir a bhí 'na thimpall amach. 20 Chuaigh Aod isteach ag triall air: agus bhí sé 'na shuí i ngrianán, agus duairt sé: Tá focal ó Dhia² agam chút. D'éirigh sé láithreach as a chathair ríoga, 21 agus chuir Aod amach a lámh chlé agus thóg sé an scian dá cheathrúin dheis agus sháigh sé isteach 'na bholg í. 22 le hoiread san nirt go ndeigh an dornchar isteach* i ndiaidh na scine agus gur dúnadh isteach é trí mhéid na blonaige, i dtreó nár tharraig sé amach an scian ach í ' fhágaint saite 'na chorp díreach mar a sháigh sé isteach í. Agus láithreach do ghluais an garr amach as an mbolg trí sna háiteannaibh príobháideacha, de réir nádúra. 23 Agus do dhún Aod go cruinn dóirse an ghrianáin agus chuir sé an glas ar gach doras díobh, 24 agus d'imigh sé féin amach trí chúldoras. Ansan tháinig seirbhísigh an rí isteach agus chonacadar doras an ghrianáin dúnta agus dúradar: B'fhéidir go bhfuil sé dhá fholmhú féin 'na ghrianán. 25 D'fhanadar go ceann i bhfad go dtí go raibh náire orthu. *Ansan d'aimsíodar eochair agus d'oscladar an doras agus fuaradar a dtiarna sínte marbh ar an úrlár. 26 An fhaid a bhí an alltacht orthu d'imigh Aodh. Chuaigh sé thar an áit úd na n-íodal, as ar tháinig sé thar n-ais, agus chuaigh sé go Sierat. 27 Do

1 Caib. 3. véar. 8. “*Mesopotámia*”. “*Aramnaharím*”, an focal san Éabhrais. “*Suíria* idir dhá abhainn”, óir tá sé idir an dá abhainn, an Tígris agus an Iúphrátes. Tugtar “*Suíria*” mar ainm aonair ar an áit i véar. 10.

2 Véar. 20. “*Focal ó Dhia*”. Breitheamh in Israél ab ea Aod an uair sin agus giúistís ab ea é, agus an rud a dhein sé an uair sin is fé análú speisialta a dhein sé é. Ní ceart do dhaoineibh nithe den tsórd san a dhéanamh ar a n-údarás phríobháideach féin.

Leabhar na mBreithiún

shéid sé an trúmpan láithreach ar chnuc Ephraim agus chuaigh clann Israél síos in éineacht leis, agus é féin ar tosach, 28 agus duairt sé leo: Leanaidh mise: óir tá an Tiarna tar éis na Moabíteach, ár namhaid, do thabhairt isteach ’nár lámhaibh dúinn. Agus chuadar síos in éineacht leis agus thánadar ar áthaibh an Iórdain atá ar an slí chun Moaib, agus níor leogadar d’aon fhear dul thar áth, 29 agus mharaíodar an uair sin timpall deich míle fear de sna Moabíteachaibh, fir láidre chróga, iad go léir: níor fhéad aon fhear acu dul saor. 30 Agus do húmhláíodh Moab an lá san, fé láimh Israél, agus bhí suaimhneas sa tír ar feadh cheithre fichid bliain ’na dhiaidh san.

31 Bhí Samgar mac Anait ’na dhiaidh sin ann, fear a mhairbh sé chéad fear de sna Philistínigh le coltar céachta. Do chosain sé sin, leis, Israél.

Caib. a Ceathair

Debbora agus Barac ag fuascailt Israél ó Iabin agus ó Shisara. Maraíonn Iahal Sisara.

1 Agus do dhein clann Israél an t-olc arís i radharc an Tiarna nuair a bhí Aod tar éis bháis 2 agus do thug an Tiarna suas iad i láimh Iabin rí Chanaain a bhí ’na rí in Asor: agus bhí aige ceann airm gurbh ainm do Sisara, a bhí ’na chónaí i Haroset na nGeinte. 3 Agus bhí clann Israél ag glaoch ar an dTiarna: óir bhí naoi gcéad carbat searrtha aige (nú “armtha le spealaibh”) agus bhí sé ar feadh fiche bliain ag déanamh éirlich orthu.

4 Agus bhí ann san am san, Debbora an bhanfháidh, bean Lapidoit, agus bhí sí ’na breithiún ar an bpobal. 5 Agus bhíodh sí ’na suí fé chrann failme, ar a dtugtá a hainm, idir Rama agus Betel, i gcnuc Ephraim: agus thagadh clann Israél aníos chúithi chun gach breithiúntais. 6 Agus chuir sí fios ar Bharac, mac Abinoem, agus ghlaeigh sí chúithi é a Cades i Nephtalí: agus duairt sí leis: Tá órdaithe dhuit ag Tiarna Dia Israél: Imigh agus seól slua go dtí cnuc Taboir, agus béarfair leat deich míle d’fhearaibh cómhraic de chlaínn Nephtalí agus de chlaínn Sabuloin; 7 agus tabharfadsa chút, in áit srutha Cisoin Sisara, ceann airm sló Iabin, agus a charbait agus a mhórshlua go léir, agus tabharfad isteach id lámh duit iad. 8 Agus duairt Barac léi: Má thagann tusa liom, raghad ann. Mura dtagair ní raghad. 9 Agus duairt sise leis: Raghad leat go deimhin, ach ansan ní dhuitse do luafar an bua, óir is isteach i lámh mná a tabharfar Sisara. Ansan d’éirigh Debbora agus d’imigh sí in éineacht le Barac go dtí Cedés. 10 Agus do ghlaeigh sé chuige Sabulon agus Nephtalí, agus d’imigh sé suas agus deich míle d’fhearaibh cómhraic aige, agus Debbora ’na chuideachtain. 11 Ach bhí Haber an Ciníteach imithe roinnt aimsire roimis sin, ón gcuid eile de sna Ciníteachaibh a bhráithre, clann mhac Hobaib, gaol Mhaoise; agus bhí sé tar éis a chábáin do chur suas sa ghleann ar a dtugtar Sennim, agus a bhí in aice le Cedés. 12 Agus do hínseadh do Shisara go raibh Barac mac Abinoem imithe suas go dtí cnuc Taboir: 13 Agus do chruinnigh sé i dteannta ’ chéile a dheich míle* carbat searrtha, agus a shlua go léir ó Hasoret na nGeinte go dtí sruth Chisoin. 14 Agus duairt Debbora le Barac: Éirigh, óir is é seo an lá ’na bhfuil Sisara tabhartha ag an dTiarna isteach id lámhaibh duit: féach, is é do stiúrthóir é. Agus do ghluais Barac síos ó chnuc Taboir agus deich míle d’fhearaibh cómhraic aige. 15 Agus do chuir an Tiarna sceón i Sisara agus ’na charbataibh, agus ’na mhórshlua, ó bhéal an chlaímh, nuair a chonaic sé Barac, chómh mór san gur léim Sisara anuas as a charbat agus gur theith sé ’na chuis. 16 Agus do ghluais Barac ar thóir ’na gcarbat a bhí ag teitheadh agus an ar thóir an tsló, chómh fada le Haroset na nGeinte, agus do maraíodh an mhórshlua namhad san go léir amu’ ’s amach. 17 Agus ag imeacht sa teitheadh do Shisara tháinig sé go dtí cábán Iahel, bean Haber an Ciníteach, óir do bhí síocháin idir Iabin rí Asoir agus teaghlach Haber, an Ciníteach. 18 Agus chuaigh Iahel amach i gcóinnibh Shisara: Tar isteach chúmsa, a thiarna, ar sise, tar isteach agus ná bíodh eagal ort. Chuaigh sé isteach ’na cábán agus do chlúdaigh sí é le brat. 19 Agus duairt

Leabhar na mBreithiún

sé léi: Tabhair dom beagán usice, óir tá ana-thart orm. Do oscail sí buidéal bainne agus thug sí deoch do agus chlúdaigh sí é. 20 Agus duairt Sisara léi: Seasaimh ag doras an chábáin agus nuair a thiocfaidh éinne agus d'fhiafróidh sé dhíot, dhá rá an bhfuil aon fhear anso? déarfairse níl. 21 Ansan do thóg Iahel, bean Haber, ceann de tharainníbh an chábáin agus thóg sí casúr*, agus chuaigh sí isteach go réidh agus go ciúin agus chuir sí an tarainne ar uiseannaibh a chinn agus bhuaile sí an tarainne leis an gcasúr agus chomáin sí trín' inchinn é agus síos tríd an dtalamh go daingean, agus mar sin chuaigh sé ó shámhchodladh go bás, tháinig támhnéal air agus fuair sé bás. 22 Ansan tháinig Barac agus é ar thóir Shisara agus chuaigh Iahel amach 'na choinnibh agus duairt sí leis: Tar isteach agus taispeánfadsa dhuit an té atá uait; agus nuair a chuaigh sé isteach 'na cábán chonaic sé Sisara sínte marbh agus an tarainne sáite in' uiseannaibh.

23 Sin mar a dh'úmhláigh Dia Iabin, rí Chanaain, an lá san os cómhair chlainne Israél, 24 agus do neartaíodar san in aghaidh an lae agus bhíodar ag cloí Iabin rí Chanaain go dtí gur ídíodar ar fad é.

Caib. a Cúig

An duain a dhein Debbora agus Barac nuair a bhí an bua acu.

1 Do chan Debbora agus Barac mac Abineom an lá san, agus dúradar:

2 Sibhse, an chuid sin d'Israél do chuir go toilteanach úr n-anam sa chúntúirt, molaidh an Tiarna.

3 Cloisidh, a ríthe, tugaidh cluas, a phriúnsaí, is mise, is mise a chanfaidh don Tiarna.

Canfad do Thiarna Dia Israél.

4 A Thiarna, nuair ' tháinís amach a Séir, agus ghabhais trí chríochaibh Edoim do luaisc an talamh,

agus bhí uisce ag sileadh as na spéarthaibh,

5 agus na cnuic ag leaghadh ó aghaidh an Tiarna, agus Sinaí ó aghaidh Tiarna Dia Israél.

6 I laethibh Shamgair mhic Anait, i laethibh Iahel, fuair bóithre suaimhneas¹.

Agus an mhuintir a ghabhadh tríothu ghabhaidís na cosáin chama.

7 Do stad fir chróga, go socair, in Israél chun gur éirigh Debbora, gur éirigh máthair in Israél.

8 Do thoibh an Tiarna cogáí nua.

Do threascair sé féin geataí namhad.

Sciath agus sleagh ní feacthas

i ndaichead míle d'Israél.

9 Tá grá ageam chroí do ríogra Israél.

Sibhse a thug sibh féin don bhaol go toilteanach molaidh an Tiarna.

10 Sibhse a bhíonn ar asalaibh breátha,

1 Caib. 5. véar. 6. "Fuair bóithre suaimhneas". Bhí uaigneas ar na bóithribh go tigh Dé agus bhí na daoine ag siúl ar chosánaibh cama an pheaca agus na hearráide.

Leabhar na mBreithiún

agus a bhíonn ’núr suí i mbreithiúntas,
agus a bhíonn ag siúl ’na slí, labhraidh.
11 Mar ar buaileadh na carbait i gcoinnibh a chéile,
mar ar tachtadh slua na namhad,
aithristear san áit sin ceart an Tiarna
agus a thrócaire ar fhearaibh cróga Israél:
ansan a chuaigh pobal an Tiarna síos chun na ngeataí
agus ghlacadar bárr.
12 Éirigh, éirigh, a Dhebbora,
éirigh, éirigh, agus abair *cantaic*.
Éirigh, a Bharaic, agus beir ar na géimhleachaibh, a mhic Abinoem.
13 Do saoradh iarmhair an phobail.
Do throid an Tiarna i measc na gcróga.
14 As Ephraim¹ d’ídigh sé iad isteach in Amalec,
agus ’na dhiadh sin, a Beniamín isteach id thaoinibhse a Amalec.
A Machir anuas do tháinig priúnsaí,
agus a Sabulon lucht sló do sheóladh chun catha.
15 Bhí taoisigh Issachair le Debbora,
agus do leanadar céimeanna Bharaic,
an fear a nocht é féin sa bhaol mar a raghfí ar mhullach cinn i bpoll.
Bhí Rúben i gcoinnibh a chéile²,
coímheascar idir fhearaibh cróga.
16 Cad chuige dhuit cónaí idir dhá chríoch
ag éisteacht le méileach do thréad?
Rúben i gcoinnibh a chéile.
Agus coímheascar idir fhearaibh cróga.
17 Bhí Galaad ar a shuaimhneas lastall den Iórdan.
Bhí Dan ag gabháil do loingear.
Bhí Aser ’na chónaí ar bruach na farraige,
ag déanamh ríghnis in sna cuantaibh.
18 Ach thug Sabulon agus Nephtalí a n-anam i mbaol bháis
i dtriúch Mherome.
19 Tháinig na ríthe agus do throideadar.
Do throid ríthe Chanaain agus Tanaich* ag uisceachaibh Mhageddo.
Níor rugadar aon fhoghail leó, áfach.
20 Do cuireadh cogadh ó neamh orthu,
ag fanúint ’na n-órd agus ’na gcuardaibh.
Do throid na réilte in aghaidh Shisara.
21 Do tharraig sruth Chisoin a gcuirp leis,
sruth Chadumim, sruth Chisoin.
Goibh de chosaibh, a anam so agamsa, in sna tréanaibh!
22 Do thit na crúba de sna heachaibh

- 1 Véar. 14. “As Ephraim”. Bhí an namhaid dá n-ídiú agus iad ar teitheadh trí thír Ephraim, agus ansan trí thír Bheniamín atá i ndiaidh Ephraim, agus mar sin dóibh go dtí gur shroiseadar teóra Amalec. Nú tá trácht ann ar bhua a rug múintir Dé roimis sin, go mór mór, an bua ba dheireanaí a rugadar, nuair a bhuaigh fir Ephraim agus Bheniamín, agus Aod os a gcionn, ar na Moabítigh agus ar na hAmalecítigh in éineacht (feic caib. 3). —*Ibid.* “Machir”. Treibh Mhanasses.
- 2 Véar. 15. “Rúben i gcoinnibh a chéile”. Thaispeánfadh san go raibh deifríocht aigne i dtaobh an chogaidh sin idir fhearaibh tréana treibhe Rúben agus gur chimeád san sa bhaile iad ag éisteacht leis na caoire ag méiligh.

Leabhar na mBreithiún

ar an gcuid ba thréine den namhaid.

Agus iad ag teitheadh ar séideadh, agus ag titim ar mhullach a gcínn le fánaidh.

23 Cuiridh mallacht ar thír Mherois¹, aduairt aingeal an Tiarna.

Cuiridh mallacht ar a lucht áitribh,

óir níor thánadar ag cabhrú leis an dTiarna.

ag cabhrú len' fhearaibh róthréana.

24 Beannaithe idir mhnáibh go raibh Iahel, bean Haber, an Ciníteach.

Agus go mbeannaítear í 'na cábán.

25 D'iarr sé uisce agus thug sí dho bainne,

tharraig sí dho ím ar mhéis oiriúnach do ríogra.

26 Chuir sí a lámh chlé ar an dtarainne,

agus a lámh dheas ar chasúr an cheárdaí,

agus bhuaile sí Sisara. D'aimsigh sí an áit don ghoin 'na cheann,

agus do ghoin sí é go láidir trín' uiseannaibh.

27 Do thit sé ag á cosaibh, i laige, agus d'éag sé.

D'iomlasc sé ag á cosaibh,

agus bhí sé go dona sínte gan anam.

28 Bhí a mháthair ag féachaint amach an fhinneóg,

agus í ag casadh olagón.

Agus do labhair sí ó sheómra an bhídh:

Cad a bheir a charbat chómh fada gan teacht?

Cad a bheir cosa a eachra chómh ríghin?

29 Thug bean ba chiallmhaire ná an chuid eile dá mhnáibh

an freagra so ar mháthair a chéile:

30 B'fhéidir go bhfuil sé ag roinnt na foghla anois féin,

agus go bhfuil an bhean is áille dá toghadh dho.

Tugtar do Shisara éadaí ioldathacha mar foghail.

Cruachtar seóide iolartha ar a chéile mar órnáid do mhuineálaibh.

31 Gurab mar sin a thitfid do namhaid go léir, a Thiarna, ach an mhuintir a thugann grá dhuit go dtaithnid siad mar a thaithneann an ghrian ag éirí dhi!

32 Agus bhí suaimhneas daichead bliain ag an dtír.

Caib. a Sé

Tagann cruatan mar gheall ar a bpeacaibh ar na daoine, ó sna Madianítigh. Glaeitear ar Ghedeon chun iad d'fhuascailt.

1 Agus dheim clann Israél an t-olc arís i radharc an Tiarna, agus thug sé suas iad ar feadh seacht mbliain i láimh Mhadiain, 2 agus chuireadar cruatan truamhéileach orthu, agus dheineadar san poill agus pluaiséanna in sna cnucaibh dóibh féin, agus áiteanna daingeana chun cosanta. 3 Agus nuair a bhíodh síol curtha ag Israél do thagadh Madian aníos agus Amalec agus an chuid eile de sna geintibh lastoir, 4 agus chuiridís a gcábáin suas 'na measc agus do loitidís gach ní an fhaid a bhíodh sé 'na gheamhar, chómh fada le doras Ghasa, agus ní fhágaidís aon ní in aon chor in Israél chun beatha; ná caoire ná ba ná asail, 5 óir thagaidís féin agus a dtréadta go léir agus a gcábáin, agus do

1 Véar. 23. "Meros". An tír sin, Merot, ar a gcurtar an mhallacht san, ní féidir a dhéanamh amach ca bhfuil sí. Níl trácht uirthi in aon áit eile sa scríbhinn diaga. I gcéill scríoptúrtha tá mallacht ar an muintir ná cabhraíonn le muintir Dé sa chogadh in aghaidh namhad sprideálta.

Leabhar na mBreithiún

líonaidís an uile áit ar nós lócaistí, suaitheantas dí-áirithe daoine, agus camal, agus iad ag dísciú gach ní lena mbainidís. 6 Agus do húmhlaíodh Israél go mór i radharc Mhadiain. 7 Agus do ghlaeigh sé ar an dTiarna ag lorg cabhartha in aghaidh na Madianíteach. 8 Agus chuir sé fáidh chúthu agus do labhair sé: Seo mar adeir Tiarna Dia Israél: Chuireas-sa ' fhéachaint ort teacht aníos as an Éigipt, agus thugas amach tu a tigh na daoirse, 9 agus d'fhuasclas tu as lámhaibh na nÉigipteach agus as lámhaibh na namhad go léir a bhíodh 'od chrá, agus chaitheas amach iad, ar do theachta isteach agus thugas díbhse a gcuid tailimh, 10 agus duart: Mise úr dTiarna Dia, ná bíodh eagla agaibh roim dhéithibh na nAmorrhíteach, gur 'na dtír atáthaoi 'núr gcónaí. Agus ní éistfeadh sibh lem ghlór.

11 Agus tháinig aingeal ón dTiarna agus do shuigh sé fé chrann daraí a bhí in Ephra, agus a bhain le Ioas, athair muíntire Esri. Agus nuair a bhí Gedeon, a mhac san, ag bualadh agus ag glanadh crithneachtan i bhfáscadóir an fhíona, chun dul ó Mhadian, 12 do thaispeáin aingeal an Tiarna é féin do agus duairt sé leis: Tá an Tiarna leat, a fhir is cróga d'fhearaibh. 13 Agus duairt Gedeon leis: Aicim ort, a Thiarna, má tá an Tiarna linn, cad 'na thaobh na huilc seo go léir do thitim orainn? Ca bhfuil na míorúiltí úd leis, ar ar labhair ár n-aithreacha linn, dhá rá linn: Thug an Tiarna amach as an Éigipt sinn? Ach tá an Tiarna tar éis sinn a thréigean anois agus tar éis sinn a thabhairt isteach i láimh Mhadiain. 14 Agus d'fhéach an Tiarna air agus duairt sé: Gluais sa neart san atá agat agus fuasclóir Israél a láimh Mhadiain. Bíodh ' fhios agat gur mise do chuir uaim thu chuige.

15 Agus duairt seisean: Aicim ort, a Thiarna, cad leis go bhfuasclódsa Israél? Is iad mo mhuíntirse an mhuíntir is lú le rá¹ i Manasses agus is mise an té is lú le rá i dtigh m'athar. 16 Agus duairt an Tiarna leis: Beadsa leat agus buailfir Madian mar a buailfí aon fhear amháin. 17 Agus duairt seisean: Má tá fabhar fáлта agam os do chómhair, tabhair cómhhartha dhom gur tusa atá ag cainnt liom, 18 agus ná fág an áit seo do dtagadsa thar n-ais agus ídbirt agam. Agus d'fhreagair sé: Fanfadsa leat go dtagair.

19 Ansan chuaigh Gedeon isteach agus bheirbh sé meannán agus dhein sé bollóga gan giost de thómhas plúir: agus chuir sé an fheoil i gciseán, agus anairthe na feóla i gcorcán. Agus do rug sé an méid sin leis fén ndair agus thairiscin sé dho iad. 20 agus duairt aingeal an Tiarna leis: Tóg an fheoil agus na bollóga gan giost agus cuir ar an gcarraig sin iad, agus doirt an t-anairthe anuas orthu. Nuair a bhí san déanta aige 21 do shín aingeal an Tiarna amach barra na slaite a bhí 'na láimh aige agus chuir sé barra na slaite ar an bhfeoil agus ar na bollógaibh gan giost: agus d'éirigh tine ón gcarraig agus do loisc sí an fheoil agus na bollóga, agus d'imigh aingeal an Tiarna as a radharc.

22 Ansan do chonaic Gedeon gurbh é aingeal an Tiarna é agus duairt sé: Ochón, a Thiarna Dia: óir táimse tar éis aingeal an Tiarna d'fheiscint aghaidh ar aghaidh. 23 Agus duairt an Tiarna leis: Síocháin ort: ná glac eagla. Ní bhfaighir bás. 24 Agus chuir Gedeon altóir suas chun an Tiarna ar an áit sin agus thug sé mar ainm uirthi síocháin an Tiarna, go dtí an lá so. Agus an fhaid a bhí sé fós in Ephra, áit a bhaineann le muíntir Esri, 25 duairt an Tiarna leis, an oíche sin: Tóg damh le t'athair, agus damh eile seacht mblian, agus ídeóir an altóir le Baal atá ageat athair, agus geárrfair an choill bheag atá timpall ar an altóir. 26 Agus cuirfir suas ar bharra na carraige seo ar ar chuiris an íbirt úd cheana, altóir chun do Thiarna Dia: agus tógfair an tarna damh agus ofrálfair *holocaust* ar chárnán adhmaid a gheárrfair as an gcoill bheag.

1 Caib. 6. véar. 15. "Is lú le rá". Féach mar a thoghann Dia an suarach le rá agus an mhuíntir atá íseal 'na meas féin, chun na ngnóthaí is mó do dhéanamh.

Leabhar na mBreithiún

27 Agus do thóg Gedeon leis deichniúr fear dá sheirbhíseachaibh agus dhein sé mar a dh'órdaigh an Tiarna dho. Ach le heagla roim theaghlach a athar agus roim mhuintir na cathrach ní dhéanadh sé sa lá é ach dhein sé an obair go léir san oíche.

28 Agus nuair ' éirigh muintir na cathrach san ar maidin [agus]* nuair a chonacadar altóir Bhaal réabtha agus an choill bheag géarrtha agus an tarna damh curtha ar an altóir a deineadh an uair sin, 29 bhíodar dhá rá lena chéile: Cé ' dhein an ní seo? Agus nuair a bhíodar dhá fhiafraí cé ba údar leis an ngníomh dúradh leo: Gedeon mac Ioais a dhein an obair sin go léir. 30 Agus dúradar le Ioas: Tabhair do mhac amach anso go gcurfar chun báis é: óir do réab sé altóir Bhaal agus do gheárr sé a choill bheag. 31 Agus duairt seisean leo: An lucht díoltais a dhéanamh ar son Bhaail sibhse, go bhfuilte ag troid ar a shon? An té is namhaid do faigheadh sé bás sara dtagaid solas an lae amáirigh air. Más dia é deineadh sé féin díoltas, ar a shon féin, ar an té do réab a altóir. 32 Ón lá san amach do tugadh Ierobaal mar ainm ar Ghedeon toisc go nduairt Ioas: Deineadh Baal é féin do dhíogailt ar an té do leag a altóir.

33 Ansan do cruinníodh i dteannta ' chéile Madian go léir, agus Amalec agus na geinte lastoir agus thánadar thar Iórdan anoir agus champáodar i ngleann Iesraél. 34 Ach tháinig sprid an Tiarna ar Ghedeon agus do shéid sé an adharc agus ghlaeigh sé chuige teaghlach Abiéser, chun go leanfaidís é. 35 Agus chuir sé teachtairí isteach i Manasses go léir agus do leanadar san é, leis. Agus chuir sé teachtairí eile isteach in Aser agus i Sabulon agus i Nephtalí, agus thánadar chuige. 36 Agus duairt Gedeon le Dia: Má shábhálann tusa Iesraél tríom láimhse, mar adúraís 37 cuirfead an lomra olla so ar an úrlár; má bhíonn drúcht ar an lomra amháin agus an talamh go léir 'na thimpall tirim, beidh ' fhios agam gur tríom láimhse, mar adúraís, a shábhálfair Iesraél. 38 Agus d'éirigh sé roimh lá agus d'fháisc sé an lomra agus do líon sé ártach leis an ndrúcht. 39 Agus duairt sé arís le Dia: Ná lasadh t'fhearg im choinnibh má dheinim triail eile leis an lomra ag lorg cómharta. Aicim ort an lomra amháin a bheith tirim agus an talamh go léir 'na thimpall a bheith fliuch le drúcht. 40 Agus do dhein Dia an oíche sin an rud a dh'iarr sé air, agus bhí an tíormacht ar an lomra amháin agus an drúcht ar an dtalamh go léir.

Caib. a Seacht

Gedeon, agus gan aige ach trí chéad fear, ag buachtaint le gliocas ar na Madianítigh.

1 Ansan d'éirigh Ierobaal, ainm is ionann agus Gedeon, go moch ar maidin agus na daoine go léir 'na theannta, agus tháinig sé go dtí an tobar ar a dtugtar Harad. Ach bhí longphort Mhadiain sa ghleann a bhí ar an dtaobh thuaidh den chnuc árd. 2 Agus duairt an Tiarna le Gedeon. Na daoine atá agat táid siad lionmhar, agus ní tabharfar Madian isteach 'na lámhaibh, i dtreo ná déanadh Iesraél maíomh im choinnibhse¹ dhá rá: Is lem neart féin a fuascladh me. 3 Labhair leis na daoine agus fógair 'na n-éisteacht go léir: Éinne atá scáfar ná eaglach téadh sé thar-nais. Ansan d'imigh fiche míle* fear ó chnuc Ghalaaid agus chuadar abhaile, agus níor fhan ann ach deich míle fear. 4 Agus duairt an Tiarna le Gedeon: tá an tslua rólíonmhar fós. Tabhairt chun an uisce iad agus triallfad ansan iad, agus an té go ndéarfad leat 'na thaobh: Raghaidh sé seo leat, téadh sé leat, agus an té a choiscead ar dhul téadh sé thar n-ais. 5 Ansan, nuair a bhí na daoine tagaithe chun an uisce duairt an Tiarna le Gedon: An chuid acu a dheanfaidh an t-uisce do lí lena dteangain, ar nós na ngadhar, cuir i leataoibh leo féin iad, agus an chuid acu do chromfaidh ar a nglúinibh ag ól, cuir ar an dtaobh

1 Caib. 7. véar. 2. “Maíomh im choinnibh”. Chítear as san conas mar ná toghann Dia, chun gnóthaí móra ' dhéanamh, daoine uaibhreacha, daoine a bheadh, 'na dhiaidh san, le mór-is-fiú, ag glacadh na creidiúna chúthu féin, agus an chreidiúint go léir ag dul le ceart do ghrásta Dé amháin.

Leabhar na mBreithiún

eile iad. 6 Agus an chuid acu d'ól an t-uisce, dhá chaitheamh suas chun a mbéil leis an lámh, trí chéad fear ab ea iad, agus an chuid eile go léir den tslua is ar a nglúinibh a dh'óladar. 7 Ansan duairt an Tiarna le Gedeon: An trí chéad fear do lígh an t-uisce¹, is leó do shábhálfadsa thusa, agus do thabharfad Madian isteach id lámh duit. Ach téadh an chuid eile go léir de sna daoine thar n-ais chun a n-áite.

8 Ansan do thóg sé bia agus trúmpaí, de réir a n-uimhre, agus d'órdaigh sé don chuid eile den tslua dul thar n-ais chun a gcábán agus thug sé féin agus an trí chéad aghaidh ar an gcath. Bhí longphort Mhadiain faoi thíos sa ghleann. 9 Do labhair an Tiarna leis an oíche chéanna: Éirigh agus imigh síos go dtí an longphort, óir táid siad tabhartha isteach id lámh agam duit. 10 Ach mara leogfadh eagla dhuit dul it aonar téadh do sheirbhíseach Phara in éineacht leat síos, 11 agus nuair a dh'aireóir cad a bheidh acu á rá, ansan is ea do neartófar do lámha agus raghair síos níos dána go dtí longphort na namhad. Agus chuaigh sé síos, é féin agus a sheirbhíseach Phara, go dtí an áit den longphort mar a raibh an lucht faire d'fhearaibh armtha. 12 Ach Madian agus Amalec agus na daoine go léir ón ndúthaigh thoir, bhíodar scaipithe ar fuaid an ghleanna mar a bheadh suaitheantas lócaistí, agus a gcamaill leis, bhíodar chómh dí-áirithe leis an ngainimh a bhíonn 'na luí ar thráigh na farraige. 13 Agus nuair a bhí Gedeon tagaithe, bhí duine ag ínsint do dhuine eile ann i dtaobh taibhrimh² a deineadh do, agus seo mar a bhí sé ag ínsint an ruda a chonaic sé: Do deineadh taibhreamh dom, agus do samhlaíodh dom mar ' bheadh ciste gríosaidh d'arán eórnan ag rith le fánaidh agus go dtáinig sé go dtí longphort Mhadiain, agus nuair a tháinig sé chun cábáin do bhuail sé an cábán agus do leag sé ar lár an cábán anuas ar an dtalamh. 14 Agus d'fhreagair an té go raibh sé ag cainnt leis: Ní haon ní eile é sin ach claíomh Ghedeoin mhic Ioais fear d'Israél, óir tá an Tiarna tar éis Mhadiain agus a longphuirt go léir do thabhairt isteach 'na lámh do.

15 Nuair ' airigh Gedeon an taibhreamh agus an t-eidirmhíniú, dhein sé Dia d'adhradh agus chuaigh sé thar n-ais go dtí longphort Israél, agus duairt sé: Éirídh, óir tá longphort Mhadiain tabhartha isteach 'nár lámhaibh dúinn ag an dTiarna. 16 Agus do dhein sé trí coda dá thrí chéad fear agus thug sé trúmpaí 'na lámhaibh dóibh agus crúscaí folmha, agus lampaí istigh in sna crúscaibh, 17 agus duairt sé leó: an rud a chífídh sibh agamsa á dhéanamh, deinidhse é. Raghadsa go dtí áit den longphort agus deinidhse mar a dhéanfadsa. 18 Nuair a labharfaidh an trúmpa im lámhse séididhse, leis, úr dtrúmpaí ar gach aon taobh den longphort*. 19 Agus chuaigh Gedeon agus an trí chéad fear a bhí lena chois isteach in áit den longphort, i dtosach faire an mheán oíche, agus do sceónadh an lucht faire, agus dhíríodar san ar na trúmpaibh³ do shéideadh agus ar na crúscaibh do bhualadh i gcoinnibh a chéile. 20 Agus nuair a shéideadar na trúmpaí i dtrí áiteannaibh mórhímpall ar an longphort agus bhriseadar na crúscaí, do thógadar suas na lampaí sa lámh chlé, agus bhí na trúmpaí sa lámh dheis acu agus iad dhá séideadh, agus do liúdar amach: Claíomh an Tiarna agus Ghedeoin. 21 Agus gach fear acu 'na sheasamh in' áit féin, mórhímpall ar an longphort. Agus tháinig buaireamh ar an longphort* go léir agus bhíodar ag screadaigh agus ag béicigh agus ag búirthigh agus iad ag teitheadh as an áit, 22 agus do lean an trí chéad fear ag séideadh na dtrúmpaí gan stad. Agus do chuir an Tiarna an claíomh tríd an longphort go léir agus bhíodar ag marú a chéile 23 agus iad ag teitheadh, chómh fada le Betsetta, agus le crích Abelmahula i dTebbat. Ach do ghluais fir

- 1 Véar. 7. "An t-uisce do lí". Do tógadh na fir nár dhein ach an braon uisce do thógaint chun a mbéil lena lámhaibh, seochas na fir a leog iad féin ar a nglúinibh chun an dí mhóir do shlogadh. Bhí an anmheasarthacht iontu agus níor glacadh iad.
- 2 Véar. 13. "Taibhreamh". Síofraíocht is ea bheith ag géilleadh do thaibhrithibh. Tá sé i gcoinnibh dlí Dé. Ach chítear, mar atá san áit sin, go ndeineann Dia úsáid de thaibhrithibh uaireanta chun a thoile féin do chur in úil.
- 3 Véar. 19. "Trúmpaí". I gcéill dhiamhar ní foláir do lucht an tsoiscéil do chraobhscaoileadh, chun bua sprideálta do bhreith, ní hamháin trúmpa bréithir Dé do shéideadh, ach 'na theannta san na crúscaí do bhriseadh le smachtú na colla, agus lampaí na súailcí do chimeád ar lasadh 'na lámhaibh.

Israél, agus iad ag liúirigh, ar thóir Mhadiain, ó Nephtalí agus ó Aser agus ó Mhanasses go léir, 24 agus chuir Gedeon teachtairí isteach i gcnuc Ephraim go leir á rá: Tagaidh anuas i gcoinnibh Mhadiain agus tógaidh na huisceacha rómpu chómh fada le Betbera agus leis an Iórdan. Agus do liúigh Ephraim go léir agus thógadar na huisceacha rómpu, agus an Iórdan, chómh fada le Betbera. 25 Agus thógadar beirt fhear¹ de Mhadian, Oreb agus Seb, do mharaíodar Oreb i carraig Oreb, agus Seb i bhfáscadóir Seb, agus do leanadar Madian agus do rugadar cinn Oreb agus Seb ag triall ar Ghedeon lastall d'uisceachaibh an Iórdain.

Caib. a hOcht

Gedeon ag maolú na nEphraimíteach. Ag tógaint Sebee agus Shalmana. Ag idiú Soccoit agus Phanuel. Ag diúltú do bheith 'na rí. Ag déanamh ephoid d'ór na foghla. Ag fáil bháis agus é in aois mhaith.

1 Agus duairt fir Ephraim leis: Cad é seo ab áil leat a dhéanamh linne ná glaofá orainn nuair a bhís ag dul ag cómhrac le Madian? Agus bhíodar ag milleán air go géar agus fonn orthu é ' bhualadh. 2 Agus d'fhreagair sé iad: Cad ' fhéadfainnse ' dhéanamh² seochas an rud atá déanta agaibhse anois? Nách féarr aon chrobhaing caor amháin d'Ephraim ná fómhair fíona Abiéser ar fad? 3 Do thug an Tiarna isteach 'núr lámhaibh díbhse ríthe Mhadiain Oreb agus Seb. Cad ' fhéadfainnse ' dhéanamh seochas a bhfuil déanta agaibhse? Agus nuair aduairt sé an chainnt sin do maolaíodh an borradh aigne a bhí orthu 'na choinnibh.

4 Agus tháinig Gedeon chun an Iórdain agus chuaigh sé thar Iórdan soir, é féin agus an trí chéad fear a bhí in' fhochair, agus bhí an trí chéad san chómh tuirseach san ná rabhadar ábalta ar leanúint ar thóir an lucht teithe. 5 Agus duairt sé le fearaibh Soccoit: Tugaidh, aicim oraibh, bia don phobal so atá im theannta, óir táid siad lag: i dtreo go bhféadfam leanúint ar thóir Sebee agus Shalmana ríthe Mhadiain. 6 Agus d'fhreagair príúnsaí Soccoit: B'fhéidir go bhfuilid deárnacha Sebee agus Shalmana id ghlaic agat agus gur dá dheascaibh sin a iarann tú orainne go dtabharfaimís bia dod shlua. 7 Agus duairt sé leo: Dá bhrí sin, nuair a thabharfaidh an tiarna isteach im lámhaibhse Sebee agus Salmana geóbhaid ar úr gcuid feólasa de sceachaibh agus de dheilgnibh an uaignis. 8 Agus d'imigh sé suas ón áit sin agus tháinig sé go dtí Phanuel agus do labhair sé ar an gcuma gcéanna le fearaibh na háite sin, agus thugadar san, leis, air an freagra céanna do thug fir Soccoit air. 9 Agus duairt sé leo san^{*}: Nuair a thiocfadsa thar n-ais le bua agus i síocháin réabfad an túr san.

10 Ach bhí Sebee agus Salmana agus a slua go léir ar a suaimhneas ag cur a dtuirse dhíobh. Óir chúig mhíle dhéag fear is ea ' bhí fágtha as an mórshlua anoir, agus céad agus fiche de mhíltibh claímheach is ea do maraíodh díobh. 11 Agus chuaigh Gedeon suas slí na ndaoine a bhí 'na gcónaí i gcábánaibh, ar an dtaobh thoir de Nobe agus de Iegbaa, agus do bhuaill sé longphort a namhad agus iad ó bhaol dar leo, gan choinne le dochar, 12 agus do theith Sebee agus Salmana, agus do lean Gedeon iad agus do rug sé orthu tar éis a sló go léir do scaipeadh ar mearaí. 13 Agus tháinig sé thar n-ais ón gcath roimh éirí gréine, 14 agus do rug sé ar bhuaillaill d'fhearaibh Soccoit agus d'fhiafraigh sé dhe ainmneacha príúnsaí agus seanóirí Soccoit, agus thug an buachaill tuairisc do ar sheacht ndeichniúraibh fear agus mórshesear (seacht ndeich a seacht d'fhearaibh). 15 Agus tháinig sé go Soccot agus duairt sé leo: Féachaidh Sebee agus Salmana úd gur thugabhair an masla dhom

1 Véar. 25. "Beirt fhear", 'sé sin beirt de sna taoisigh.

2 Caib. 8. véar. 2. "Cad ' fhéadfainnse ' dhéanamh?" Do chuir an freagra úmhal cneasta chun suaimhnis iad. Mura mbeadh an focal mín sin, bhí gach aon deallramh go ndéanfaidís drochobair. Is mór é neart na húmhlaíochta os cómhair Dé agus os cómhair daoine.

Leabhar na mBreithiún

'na dtaobh nuair a duarabhair: B'fhéidir go bhfuilid lámha Sebee agus Shalmana id lámhaibh agat, agus gur dá dheascaibh sin a dh'órdaíonn tú go dtabharfaimís bia do sna fearaibh atá tuirseach tnáite. 16 Ansan do thóg sé seanóirí na cathrach agus deilgne agus sceacha an uaignis agus do strac sé iad leó, agus do gheárr sé 'na miotaibh fir Soccoit. 17 Agus do réab sé túr Phanuel agus mhairbh sé fir na cathrach. 18 Agus duairt sé le Sebee agus le Salmana: Cad é an saghas na fir úd a mharáibhairse i dTabor? Agus d'fhreagadar: Fir mar thusa ab ea iad, agus duine acu mar ' bheadh mac rí. 19 Agus d'fhreagair seisean: B'iad mo bhráithre iad, clann mhac mo mháthar (nú, bráithre dhom ab ea iad, clann mhac dom mháthair). Mar is beó an Tiarna dá sábháladh sibh iad ní mharóinn sibh anois. 20 Ansan duairt sé le Ieter, an mac ba shine aige: Éirigh agus mairbh iad. Ach níor tharraig seisean a chlaíomh: óir bhí eagal air, toisc gan a bheith ann fós ach buachaill. 21 Agus duairt Sebee agus Salmana: Éirighse agus rith fuinn, óir bíonn neart fir de réir a aoise. D'éirigh Gedeon agus mhairbh sé Sebee agus Salmana agus thóg sé na hórnaidí agus na bocóidí lenar gnáth muineálacha camall rí d'órnaidíú. 22 Agus duairt fir Israél go léir le Gedeon: Bí id rí orainn, agus do mhac, agus mac do mhic, mar táimid fuascailte agat ó láimh Mhadiain. 23 Agus duairt sé leó: Ní bheadsa im rí oraibh ná ní bheidh mo mhac 'na rí oraibh, ach beidh an Tiarna 'na rí oraibh. 24 Agus duairt sé leó: Tá aon ní amháin agam á iarraidh oraibh: Tugaidh dom na fáinní cluas as úr gcuid foghla; óir ba ghnáth leis na hIsmaelítigh fáinní cluas óir a bheith orthu. 25 D'fhreagadar san: Tabharfaimid de lántoil. Agus do leathadar brat ar an dtalamh agus chaitheadar ar an mbrat fáinní cluas na foghla. 26 Agus is é meáchaint a bhí in sna fáinníbh cluas a dh'iarr sé ná míle seacht gcéad de *shiclibh* óir, in éaghmais na n-órnaidí, agus na gcloch lómhar, agus na n-éadaí gcorcar ba ghnáth a bheith ar ríthibh Mhadiain, agus in éaghmais na slabhraí óir a bhí ar mhuineálaibh na gcamall.

27 Agus do dhein Gedeon *ephod*¹ de, agus chuir sé 'na chathair, Ephra, é, agus dhein Israél go léir *fornicátio* leis, agus bhí sé 'na dhíth do Ghedeon agus dá theaghlach uile. 28 Ach do húmhláiodh Madian os cómhair chlainne Israél agus níor fhéadadar a gceann do thógáil suas a thuilleadh. Agus bhí suaimhneas ag an dtír ar feadh daichead blian an fhaid a bhí Gedeon i gceannas.

29 Ansan chuaigh Gedeon* mac Ioais chun cónaithe 'na thigh féin. 30 Agus bhí seacht ndeichniúir de mhacaibh aige, a tháinig amach as a shliasaí, óir do bhí mórán ban aige. 31 Agus an leannán² a bhí agie i Sichem do rug sí mac do, agus Abimelech ab ainm don mhac san.

32 Agus fuair Gedeon mac Ioas bás agus é in aois mhaith agus do cuireadh é i dtuama a athar in Ephra mhuíntire Esri. 33 Ach tar éis bháis do Ghedeon d'iompaigh clann Israél arís agus dheineadar *fornicátio* le Baalim. Agus dheineadar connradh le Baalim, gurbh é a bheadh 'na dhia acu: 34 agus níor chimeáadar cuímhne ar a dTiarna Dia a bhí tar éis iad d'fhuascailt a lámhaibh a namhad go léir mórthímpall. 35 Ná níor thaispeánadar daonnacht do theaghlach Ierobaail Gedeoin de réir na nithe bhfóna go léir dhein sé d'Israél.

Caib. a Naoi

Maraíonn Abimelech a dhriotháracha. Parabal Ioataim. Cómhcheilg Ghaail leis na Sicheimítigh in aghaidh Abimelech. Buaitear ar Ghaal. Íde ag Abimelech á dhéanamh ar Shichem. Maraítear i dTebeas é.

1 Véar. 27. "Ephod". Éide shagairt ab ea é. Bhí íntinn mhaith ag Gedeon le hé ' dhéanamh, ach d'iompaigh clann Israél chun uile é tar éis bháis Ghedeoin. D'adhradar in' íodal é.

2 Véar. 31. "Leannán". Seirbhíseach leis ab ea í. Níor striapach í. Is gnáth, sa tSeanaThiomna *concúbína* do thabhairt ar na mnáibh pósta ná bíodh ach úiríseal bíodh go mbídís pósta go dleathach.

Leabhar na mBreithiún

1 Agus chuaigh Abimelech mac Ierobaail go Sichem ag triall ar mhúintir a mháthar agus do labhair sé leó, agus le gaoltaibh go léir athar a mháthar, agus duairt sé leó: 2 Abraidh le fearaibh Sichem uile: Ceocu is fearra dhíbhse deichniúr agus trí fhichid d'fhearraibh, clann mhac uile Ierobaail, a bheith 'na ríthibh os úr gcionn, nú aon fhear amháin a bheith 'na rí os úr gcionn? Agus cuímhídh, dá éaghmais sin, gur cnámh agus feoil libh féin mise. 3 Agus do labhair bráithre a mháthar 'na thaobh an chainnt sin go léir le fearaibh Sichem, agus do chlaonadar a gcroíthe i ndiaidh Abimelech, agus deiridís: Is é ár ndríotháir é. 4 Agus thugadar do meáchaint seacht ndeich d'airgead a teampall Bhaalberit¹. Leis an airgead san do bhailighse chuige, ar thuarastal, fir gan strus agus lucht fáin, agus do leanadar é. 5 Ansan tháinig sé go dtí teaghlach a athar in Ephra agus mhairbh sé a dhriotháir, clann mhac a athar, deichniúr agus trí fichid fear, ar aon chloich amháin, agus do fágadh Ioatam, an mac ab óige a bhí ag Ierobaal, mar bhí sé i bhfolach. 6 Agus do cruinníodh i dteannta ' chéile fir Shichem uile, agus teaghlacha uile cathrach Mhello, agus d'imíodar agus dheineadar rí d'Abimelech ag an gcrann daraí a bhí 'na sheasamh i Sichem.

7 Do hínseadh an ní sin do Ioatam agus tháinig sé agus sheasaimh sé ar mhullach cnuic Gharisim agus d'árdaigh sé a ghlór agus do liúigh sé amach agus duairt sé: Éistidh liom, a fheara Sichem; gurab amhlaidh sin a dh'éistfidh Dia libhse. 8 D'imigh na craínn chun rí d'úngadh os a gcionn: agus dúradar leis an gcrann ola: Bí id rí os ár gcionn. 9 Agus d'fhreagair an crann ola: An féidir dómhsa mo mhéithreas do thréigean, an méithreas go ndeimid déithe agus daoine úsáid de², agus teacht go n-árdófi me i measc na gcrann? 10 Agus duairt na craínn leis an gcrann fige: Tarsa agus bí id rí os ár gcionn. 11 Agus d'fhreagair an crann fige: An féidir dómhsa mo mhísleacht d'fhágaint, agus mo thorthaí dei-bhlasta, agus dul go n-árdófi me i measc na gcrann eile. 12 Agus duairt na craínn leis an bhfíniúin: Tarsa agus bí id rí os ár gcionn. 13 Agus duairt an fhíniúin: An féidir dómhsa mo chuid fíona d'fhágáilt, an fíon a chuireann soilbhreas³ ar Dhia agus ar dhaoineibh, chun go n-árdófi me i measc na gcrann eile. 14 Agus duairt na craínn go léir leis an sceich: Tarsa agus bí id rí os ár gcionn. 15 Agus duairt an sceach: Más fíon gur maith libh rí ' dhéanamh díomsa tagaidh go léir agus glacadh úr suaimhneas féin scáth. Ach mura maith libh é tagadh tine amach as an sceich agus itheadh sí céadair Libanuis. 16 Anois, dá bhrí sin, más gníomh fíonta, gan pheaca, atá déanta agaibhse, ag cur Abimelech 'na rí os úr gcionn, agus más maith atá sé déanta agaibh i dtaobh Ierobaail agus i dtaobh a theaghlai, agus má tá cúiteamh cóir déanta agaibh as ar dhein sé de thairbhe dhíbh, ag troid ar úr son, 17 agus ag cur a anama féin i mbaol chun sibhse ' dh'fhuascailt a lámhaibh Mhadiain, 18 agus go bhfuil éirithe agaibh anois i gcoinnibh teaghlai m'atharsa, agus go bhfuil tar éis a chlainne do mharú, deichniúr agus trí fichid fear, ar an aon chloich amháin, agus go bhfuil rí déanta agaibh ar mhúintir Shichem, d'Abimelech, mac a leannáin, toisc gurb é úr ndríotháir é: 19 más rud é, dá bhrí sin, go bhfuil déanta go maith agaibh, agus gan pheaca, i dtaobh Ierobaail agus a theaghlai, glacadh áthas inniu in Abimelech, agus glacadh seisean áthas ionaibhse. 20 Ach más go héagórtha, tagadh tine amach ó Abimelech agus loisceadh sí muintir Shichem agus cathair Mhello, agus tagadh tine amach ó fhearraibh Sichem agus ó chathair Mhello agus loisceadh sí Abimelech. 21 Agus nuair a bhí an méid sin ráite aige do theith sé agus chuaigh sé go Bera agus do chónaigh sé ann le heagla roimena dhriotháir*. 22 Agus bhí Abimelech 'na rí ar Israél ar feadh trí mblian.

1 Caib. 9. véar. 4. "*Baalberit*". 'Sé sin, "Baal na connartha", ón gconradh a bhí déanta acu le Baal. Caib. 8. véar. 33.

2 Véar. 9. "*Go ndeimid Dia agus daoine úsáid de*". Do tugadh an crann ola isteach ag cainnt ar an gcuma san mar do húsáidí an ola chun Dia d'adhradh, agus chun déithe fallsa ' dh'adhradh, leis, na déithe a bhí ag na Sicheimígh an uair sin.

3 Véar. 13. "*Soilbhreas*". Deirtear san áit sin fíon a bheith taithneamhach i láthair Dé toisc fíon a bheith ceapaithe aige le hofráil in' íbirtibh. Ach níl orainn an chainnt sin na gcrann do ghlacadh i gcéill nádúrtha na bhfocal, ach amháin sa chéill a thagann isteach le brí agus le bunús an pharabail, fé mar a chítear 'na dheireadh.

Leabhar na mBreithiún

23 Agus do chuir an Tiarna sprid a bhí go fíorolc idir Abimelech agus muíntir Shichem agus thosnaíodar ar ghráin a bheith acu air, 24 agus ar mharú na seacht ndeichniúr de mhacaibh Ierobaail agus ar dhortadh a gcod' fola do chur ar a ndríotháir Abimelech agus ar an gcuid eile de ríogra na Sicheimíteach a chabhraigh leis. 25 Agus do luíodar i bhfolach 'na choinnibh i mullach na gcnuc. Agus an fhaid a bhíodar ag feitheamh lena theacht, bhíodar ag déanamh foghla agus ag robáil na ndaoine a bhíodh ag gabháil an tslí. Do hínseadh san d'Abimelech. 26 Agus tháinig Gaal mac Obed agus a bhráithre anall go dtí Sichem, agus do ghlac muíntir Shichem misneach trína theacht 27 agus chuadar amach in sna páirceannaibh agus bhíodar ag réabadh na bhfionghort agus ag gabháil de chosaibh in sna caoraibh, agus ag amhrán agus ag rínice ag dul isteach i dteampall a ndé, agus bhídís ag ithe agus ag ól agus ag eascainí ar Abimelech. 28 Agus do liúdh Gaal amach: Cé hé Abimelech, agus cad í Sichem go mbeimís ag seirbhís do? Nách mac do Ierobaal é, agus ná fuil fir Eموir, athair Sichem, curtha aige fé smacht a sheirbhísigh Sebul? Cad a bhéarfadh, dá bhrí sin, go mbeimísne ag seirbhís do? 29 Nách trua ná cuirfeadh duine éigin an pobal so fém láimhse i dtreó go gcuirfinn deireadh le Abimelech!

Agus dúradh le hAbimelech: Cruinnigh i dteannta ' chéile líon sló agus tar anso. 30 Óir bhí fearg mhór ar Shebul, rialtóir na cathrach, nuair ' airigh sé cainnt Ghaail mac Obed, 31 agus chuir sé teachtairí i ganfhios ag triall ar Abimelech, dhá rá leis: Féach, tá Gaal mac Obed tagaithe isteach i Sichem, é féin agus a bhráithre, agus tá sé a d'iarraidh na cathrach do chur id choinnibhse. 32 Éirigh, dá bhrí sin, san oíche sin, tu féin agus na daoine atá agat, agus luigh i bhfolach sa pháirc: 33 agus go moch ar maidin, ar éirí gréine, tabhair fogha fén gcathair. Agus nuair a thiocfaidh seisean amach id choinnibh, é féin agus a dhaoine, dein do dhícheall air. 34 D'éirigh Abimelech, dá bhrí sin, san oíche, é féin agus a shlua go léir, agus dhein sé luí i bhfolach in aice Sichem i gceithre áiteannaibh. 35 Agus chuaigh Gaal mac Obed amach agus sheasaimh sé i mbéal gheata na cathrach. Agus d'éirigh Abimelech agus a shlua go léir in éineacht leis as na folachaibh. 36 Agus nuair a chonaic Gaal na daoine, duairt sé le Sebul: Féach, tá suaitheantas daoine ag teacht anuas as na cnucaibh. Agus d'fhreagair seisean: Scáileanna na gcnuc a chionn tú i riocht ceann daoine. Sin é dearúd atá ort. 37 Duairt Gaal arís: Féach, tá daoine ag teacht anuas ó lár na talún, agus tá aon bhuíon amháin acu ag teacht an bóthar a fhéachann i dtreó an chraínn daraí. 38 Agus duairt Sebul leis: Ca bhfuil anois an béal úd leatsa adeireadh: Cé hé Abimelech go mbeimísne ag seirbhís do? Nách iad san na daoine ar a mbíodh an drochmheas agat? Imigh amach agus cómhraic leis. 39 Agus d'imigh Gaal amach, i radharc muíntire Sichem, agus chómhraic sé le hAbimelech, 40 agus chuir Abimelech ruag air agus teitheadh agus chomáin sé isteach sa chathair é, agus do maraíodh a lán dá dhaoine i ngeata na cathrach féin. 41 Agus do shuigh Abimelech i Ruma. Ansan do chomáin Sebul Gaal agus a mhuíntir amach as an gcathair, agus ní leogfadh sé dhóibh fanúint ann, 42 agus d'imigh na daoine amach sa pháirc an lá 'na dhiaidh san. Do hínseadh san d'Abimelech. 43 Do tháinig sé ar a shlua agus dhein sé trí coda dhíobh, agus chuir sé folacha 'na luí sa pháirc. Agus nuair a chonaic sé na daoine ag teacht amach as an gcathair d'éirigh sé agus thug sé fúthu, 44 agus d'imdhruid sé* an chathair lena bhuín féin, agus bhí an dá bhuíon eile ag cluicheadh na namhad a bhí scaipithe ar fuaid na páirce. 45 Thug Abimelech fogha fén gcathair* agus thog sé í agus mhairbh sé a raibh de dhaoine inti, agus do réab sé í, agus ansan do chroith sé salann inti.

46 Nuair ' airigh na daoine a bhí i dtúr Shichem an ní sin, chuadar isteach i dteampall a ndé .i. Berit, mar a raibh connradh déanta acu leis, agus is as san a tugadh an ainm ar an áit, agus bhí an áit daingean thar na beartaibh. 47 Agus d'airigh Abimelech go raibh fir thúir Shichem cruinnithe i dteannta ' chéile, 48 agus chuaigh sé suas go dtí cnuc Selmoin, é féin agus a phobal go léir in éineacht leis, agus thóg sé tua agus gheárr sé géag de cheann de sna crannaibh agus chuir sé an ghéag ar a ghualainn chuige, dhá breith leis, agus duairt sé lena chuallacht: An rud a chionn sibh

Leabhar na mBreithiún

agamsa á dhéanamh deinidhse láithreach é. 49 Agus do ghearradar géag gach duine, de sna crannaibh, chómh tiubh agus d'fhéadar é, agus do leanadar a dtriath. Agus do thimpalladar an túr agus chuireadar trí thine é; agus do thit amach, leis an ndeatach agus leis an dtine, gur maraíodh míle duine, fir agus mná in éineacht, de lucht áitribh túir Shichem.

50 Ansan d'fhág Abimelech an áit sin agus tháinig sé go dtí dún Thebes agus do thimpall sé an dún agus d'imdhruid sé é lena shlua. 51 Agus bhí i lár an dúna san túr árd agus bhí fir agus mná tar éis teitheadh in éineacht chun an túir sin, agus uaisle uile na cathrach, agus tar éis na ngeataí do dhúnadh agus do dhaingniú, bhíodar 'na seasamh ar na múraibh dhá gcosaint féin. 52 Agus tháinig Abimelech in aice an túir agus bhí sé ag troid go cróga. Agus tháinig sé chun an gheata agus bhí sé a d'iarraidh tine ' chur ann. 53 Agus féach, do chaith bean éigin slisne de bhróin muilinn anuas agus bhuaíl sí 'na cheann é agus bhris sí a phlaosc. 54 Do ghlaeigh sé láithreach ar a ghiolla agus duairt sé leis: Tarraig do chlaíomh agus mairbh me sara ndéarfí gur le mnaoi a thiteas. 55 Ansan, nuair a bhí sé marbh d'imigh an méid d'fhearaibh Israél a bhí aige abhaile chun a dtithe féin.

56 Mar sin do chúitimh Dia le hAbimelech an t-olc a dhein sé i gcoinnibh a athar nuair a mhairbh sé a dheichniúr agus trí fichid driothár. 57 Agus do cúitíodh a ngníomhartha leis na Sicheimíteachaibh, leis. Do thit eascaine Ioataim mhic Ierobaail orthu.

Caib. a Deich

Tola ag rialú Israél ar feadh trí bliana fichid; agus Iair dhá bhliain is fiche. Na daoine ag titim arís in íodaladhradh, agus na Philistínigh agus na hAmmonítigh dhá gcrá. Iad ag glaoch ar Dhia, agus Dia dhá bhfóirithint nuair a dheinid siad an aithrí.

1 I ndiaidh Abimelech d'éirigh rialtóir in Israél, eadhon Tola mac Phua, úncail d'Abimelech¹, fear d'Issachar, a chónaigh i Samir chnuic Ephraim: 2 agus bhí sé 'na bhreitheamh ar Israél ar feadh trí bliana fichid, agus fuair sé bás agus do cuireadh i Samir é.

3 Tháinig 'na dhiaidh sin Iair an Galaadíteach, a bhí 'na bhreithiún ar Israél ar feadh dhá bhliain agus fiche. 4 Bhí deich maca fichid aige agus bhídís ar marcaíocht ar dheich gcinn fhichid d'asalaibh óga, agus iad 'na bpriúnsaibh ar dheich cathrachaibh fichid, agus do tugtí Havot Iair² ar na cathrachaibh sin, ó ainm Iair féin, go dtí an lá so, i dtír Ghalaad.

5 Agus fuair Iair bás, agus do cuireadh é san áit ar a dtugtí Camon. 6 Ach bhí clann Israél ag cur peacaí nua leis na seanapheacaibh, ag déanamh an uile i radharc an Tiarna, agus ag adhradh na n-íodal, Baalim agus Astarot, agus déithe Shuíria agus Sídoin agus Mhoib, agus déithe clainne Ammoin, agus na bhFilistíneach, agus d'fhágadar an Tiarna agus ní dhéanfaidís a sheirbhís. 7 Agus bhí fearg ar an dTiarna chúthu agus thug sé isteach i lámhaibh na bhFilistíneach iad agus i lámhaibh clainne Ammoin. 8 Agus bhíodar dá gcrá, dá mbrú go dian ar feadh ocht mbliana déag, iad san go léir a bhí 'na gcónaí lastall den Iórdan i dtír an Amorrhítigh, atá i nGalaad. 9 I dtreó go dtagadh clann Ammoin tar Iórdan anall agus go scriosaidís Iúda agus Beniamín agus Ephraim: agus bhí Israél i gcruatan thar bárr. 10 Agus ghlaodar ar an dTiarna agus dúradar: Tá peaca déanta againn id choinnibh, óir tá imithe againn ónár dTiarna* agus seirbhís déanta againn do Bhaalim. 11 Agus

1 Caib. 10. véar. 1. “Úncail d'Abimelech”, i. driotháir aonbhronn do Ghedeon. Clann na haonmháthar ab ea iad, ó bheirt athar, agus a dhá threibh.

2 Véar 4. “Havot Iair”. Do socraíodh an ainm sin ar na bailtibh sin an uair sin, ach do fuaradar an ainm roimis sin ó Iair eile (Uimh. 32:41).

Leabhar na mBreithiún

duairt an Tiarna Dia* leó: Nár dhein na hÉigiptigh brú oraibh, agus na hAmorrhítigh, agus clann Ammoin, agus na Philistínigh, 12 agus na Sídoniánaigh, leis, agus Amalec, agus Chanaan, agus d'fhuasclas as a láimh sibh? 13 Agus 'na dhiaidh san do thréigeabhair me agus d'adhrabhair déithe iasachta. Dá bhrí sin ní fhuasclódsa sibh a thuilleadh. 14 Imídh agus glaeidh ar na déithibh a ghlacabhair mar rogha: deinidís sin sibh a dh'fhuascailt nuair a bheidh sibh i gcruatan.

15 Agus duairt clann Israél leis an dTiarna: Tá peaca déanta againn. Deinse linn pé ní is toil leat, ach fuascail sinn an turas so. 16 Agus le linn na nithe sin do rá dhóibh do chaitheadar amach as a gcríochaibh íodail uile na ndéithe iasachta agus dheineadar seirbhís dá dTiarna Dia, agus do ghlac trua dá gcruatanaibh é. 17 Ansan tháinig clann Ammoin ag liúirigh in éineacht agus shuíodar a gcábáin i nGalaad agus chruinnigh clann Israél iad féin 'na gcoinnibh agus champaíodar i Maspha. 18 Agus duairt ríogra Ghalaaid lena chéile: Pé duine againn is túisce ' dhéanfaidh troid in aghaidh chlainne Ammoin beidh sé 'na thriath ar phobal Ghalaaid.

Caib. a hAondéag

Curtar Iephte 'na thriath ar phobal Ghalaad. É ag plé a gcúise ar dtúis in aghaidh na nAmmoníteach. Ansan dhein sé móid agus do rug sé bua oirirc. Cómhlíonann sé a mhóid.

1 Bhí ann an uair sin Iephte an Galaadíteach*, mac mná a bhí 'na méirdrigh, agus Galaad a athair. 2 Ach bhí ag Galaad bean go raibh clann mhac aici: agus nuair ' éirigh an chlann mhac san suas do chaitheadar Iephte amach agus dúradar: Ní féidir dhuitse bheith it oidhre i dteaghlach ár n-athar, óir is ó mháthair eile do rugadh thu. 3 Ansan do theith sé agus do sheachain sé iad agus chónaigh sé i dtír Tóib. Agus do cruinníodh chuige daoine gan strus, agus lucht foghla, agus do leanadar é mar thriath. 4 In sna laethibh sin do chuir clann Ammoin cogadh ar Israél. 5 Agus nuair a bhíodar ag brú go dian orthu tháinig seanóirí Ghalaaid chun Iephte ' thabhairt leó a tír Thóib, chun go gcabhródh sé leó, 6 agus dúradar leis: Tar agus bí id thriath os ár gcionn agus cómhraic le claínn Ammoin. 7 Agus d'fhreagair seisean iad: Nách sibhse na fir a thug fuath dhómhsa agus do chaith amach a tigh m'athar me, agus gur chuir an gátar cruaidh ' fhéachaint oraibh teacht chúm anois? 8 Agus duairt príunsaí Ghalaaid le Iephte: Is chuige do thánamair ag triall ort, anois, chun go dtiocfá linn agus go gcómhraiceofá le claínn Ammoin agus chun go mbeifá id cheann ar a bhfuil de dhaoineibh i nGalaad. 9 Agus duairt Iephte leó: Má táthaoi tagaithe chúm dáiriribh chun go ndéanfainn cómhraic ar úr son in aghaidh clainne Ammoin, agus go dtabharfaidh an Tiarna isteach im láimh dom iad, an mbeadsa im príunsa oraibh? 10 D'fhreagadar san é: An Tiarna atá ag éisteacht leis na nithibh seo is eidirmheánaí agus is finné go ndéanfaimid an rud atá geallta againn. 11 Ansan d'imigh Iephte le ríogra Ghalaaid agus dhein na daoine triath de os a gcionn. Agus do labhair Iephte a bhréithre go léir os cómhair an Tiarna i Maspha. 12 Agus chuir sé teachtairí go dtí rí chlainne Ammoin chun a rá, in'ainm: Cad é an paor atá agatsa ormsa, go dtiocfá im choinnibh chun mo thíre do scrios? 13 Agus d'fhreagair seisean iad: Mar do thóg Israél mo thírse nuair a tháinig sé aníos as an Éigipt, ó chríochaibh Arnoin go dtí an Iaboc agus go dtí an Iórdan. Dá bhrí sin anois tabhair an méid sin dom thar n-ais go síochánta.

14 Agus chuir Iephte teachtaireacht eile leó chuige arís, agus duairt sé leó a rá le rí Ammoin: 15 Seo mar adeir Iephte: Níor thóg Israél tír Mhoib ná tír chlainne Ammoin: 16 ach nuair a thánadar aníos as an Éigipt do shiúlaigh sé tríd an uaigneas go dtí an Mhuir Rua agus tháinig sé isteach i gCades. 17 Agus chuir sé teachtairí chun rí Edoim dhá rá: Leog dom gabháil tríod thír. Ach ní thóileódh sé chun an iarratais. Chuir sé teachtaireacht, leis, chun rí Mhoib. D'eitigh sé sin, leis. Do chónaigh sé i gCades dá bhrí sin, 18 agus chuaigh sé mórthimpall ar thír Edoim, ag á imeall, agus ar thír

Leabhar na mBreithiún

Mhoib*, agus champaigh sé ar an dtaobh eile den Arnon, agus níorbh áil leis dul isteach i gcíoch Mhoib*. 19 Agus chuir Israél teachtairí go dtí Sehon, rí na nAmorrhíteach a bhí 'na chónaí i Hesebon, agus dúradar leis: Leog dom gabháil tríod thír chun na habhann. 20 Agus dhein sé sin, leis, neamhsuím de bhréithribh Israél agus níor leog sé dho gabháil trína chríochoibh: ach do chruinnigh sé suaitheantas thar bárr agus chuaigh sé amach 'na choinnibh go dtí Iasa agus dhein sé cosc mór air. 21 Agus thug an Tiarna é féin agus a shlua go léir isteach i láimh Israél agus mhairbh Israél é agus shealbhaigh sé tír uile an Amorrhítigh a bhí ag áitreabh na háite sin, 22 agus a chríochoa go léir ón Arnon go dtí an Iaboc agus ón bhfiantas go dtí an Iórdan. 23 Ar an gcuma san d'ídigh Tiarna Dia Israél an tAmorrhíteach, nuair a bhí an phobal ag cómhrac 'na choinnibh, agus an amhlaidh a shealbhoirse an talamh san? 24 Nách leatsa le ceart na nithe atá i seilbh Chamóis¹, do dhia féin? Ach an ní a fuair ár dTiarna Diane le bua is sinne do shealbhóidh sé: 25 murab amhlaidh is féarr thusa, b'fhéidir, ná Balac mac Sephoir rí Mhoib, agus gur féidir duit a thaispeáint go raibh sé ag cur in aghaidh Israél agus ag cómhrac leis, 26 bíodh gur fíor go bhfuil Israél 'na chónaí i Hesebon agus 'na bhailtibh, agus in Aroer agus 'na bhailtibh, agus in sna cathrachaibh go léir in aice an Iórdain, le trí chéad bliain. Cad 'na thaobh díbh fanúint i gcaitheamh na haimsire sin go léir gan aon iarracht a dhéanamh ar an éileamh so do chur i bhfeidhm? 27 Dá bhrí sin, ní mise atá ag cur isteach ortsa, ach is tusa atá ag déanamh éagóra ormsa ag cur chogaidh go handleathach orm. Bíodh an Tiarna 'na bhreitheamh inniu agus tugadh sé breith idir Israél agus clann Ammoin.

28 Agus ní éistfeadh rí chlainne Ammoin le cainnt Iephte, an chainnt a chuir sé chuige leis na teachtairibh. 29 Agus tháinig sprid an Tiarna ar Iephte, agus chuaigh sé mórtámpall Ghalaaid, agus Mhanasses, agus Mhaspha Ghalaaid, agus as sann anonn chun clainne Ammoin, 30 agus do dhein sé móid chun an Tiarna, agus duairt sé: Má thugann tú isteach im lámhaibh dómhosa clann Ammoin, 31 pé hé² is túisce ' bhuaifidh umam, ag teacht amach doras mo thí féin chum, agus me ag teacht abhaile i síocháin ó chlaínn Ammoin, íbreód é sin 'na *holocaust* chun an Tiarna.

32 Agus chuaigh Iephte anonn chun clainne Ammoin chun cómhraic 'na gcoinnibh, agus thug an Tiarna isteach 'na lámhaibh do iad; 33 agus do bhuail sé iad ó Aroer go dtagair go dtí Mennit, fiche cathair, agus chómh fada le hAbel, áit atá fé fhíonghortaibh; ár ana-mhór ar fad, agus do húmhlaíodh clann Ammoin fé chlaínn Israél.

34 Agus nuair a tháinig Iephte thar n-ais go Maspha, chun a thí féin, bhí a aonghein iníne amach 'na choinnibh agus tíompáin agus lucht rince aici: óir ní raibh de chlaínn aige ach í. 35 Agus nuair a chonaic sé í, do strac sé a chuid éadaigh agus duairt sé: Ochón! ochón! a 'nín ó, táim meallta agat agus taoi féin meallta: óir d'osclas-sa mo bhéal chun an Tiarna agus ní féidir dom a mhalairt do dhéanamh. 36 Agus duairt sise*: a Athair, má osclais do bhéal chun an Tiarna, dein liomsa pé ní a gheallais: óir tá an bua tabhartha dhuit, agus díoltas ar do namhaid. 37 Ach *tabhair dom an ní seo

1 Caib. 11. véar. 24. "Chamos". Íodal na Móabíteach agus na nAmmoníteach é sin. Chuir sé a dtuiscint féin i bhfeidhm orthu. Thuigeadar go raibh gach aon cheart acu chun na dtíortha do smachtaídis le cúnaimh óna ndéithibh féin: agus nár mhó ná san an ceart a bhí ag Israél chun na dtíortha a bhí smachtaithe ag Dia dhóibh le míorúiltibh a chonaic an saol mór?

2 Véar. 31. "Pé hé". Measaid drong gurb é brí a bhí leis an móid sin a dhein Iephte ná an chéad rud a bhuaifeadh uime do choisreacadh chun Dé, de réir oiriúnaí an ruda, i dtreo go bhféadfadh sé é ' íbirt 'na *holocaust* dá mba rud é a féadfí d'íbert ar an gcuma san, nú é ' thabhairt suas do Dhia ar chuma éigin eile dá mba nárbh ea. Dá bhrí sin measaid siad nár mhairbh a hathair iníon Iephte, ach gurb amhlaidh a choisric sé chun Dé í 'na maighdin bhuan. Ach ní mar sin adeir an choitiantacht de sna húdaraibh agus de sna haithreachaibh naofa ach gur híbreamh í 'na *holocaust* de réir móide a hathar; agus nár dhein Iephte peaca, nú nár dhein sé peaca marbh, i ndéanamh a mhóide ná i gcimeád a mhóide, mar gurbh é Dia féin do sprioc é chun na móide do dhéanamh, agus dá chómharta san féin, gur thug sé an bua dho mar gheall ar an móid. Agus deirid siad gurbh é toil Dé, ós ar a thoil atá beatha agus bás, go ndéanfí an íbert, agus go gcómhlíonfí an mhóid.

atá uaim. Leog dom imeacht go dtéad tímpall i measc na gcnuic go ceann dhá mhí, ag déanamh bróin mar gheall ar mo mhaighdineas¹ i bhfochair mo chómhaltáí. 38 Agus d'fhreagair sé í: Imigh. Agus chuir sé uaid í ar feadh dhá mhí. Agus d'imigh sí in éineacht lena cómhaltaibh agus bhí sí ag déanamh bróin mar gheall ar a maighdineas in sna cnucaibh. 39 Agus nuair a bhí an dá mhí caite, tháinig sí thar n-ais ag triall ar a hathair agus do dhein sé léi de réir mar a bhí móidithe aige*. As san do shíolraigh nós in Israél agus do cimeádh an nós san: 40 go dtiocfadh iníonra Israél i bhfochair a chéile ó bhliain go bliain agus go mbeidís ag caoineadh inínte Iephte an Galaadíteac ar feadh cheithre lá.

Caib. a Dódhéag

Na hEphraimígh ag casaoid le Iephte. Maraítear cheithre dheich a dó de mhíltibh acu. Abesan, agus Ahialon, agus Abdon 'na breithiúnaibh.

1 Ach féach, d'éirigh toirmeasc in Ephraim. Agus chuadar ó thuaidh agus dúradar le Iephte: Nuair a bhís-se ag dul ag cómhac le claínn Ammoin cad 'na thaobh nárbh áil leat glaoch orainne i dtreo go raighimis leat? Mar gheall air sin loiscfimid do thig ort. 2 Agus d'fhreagair seisean iad: Bhíos-sa agus mo dhaoine ag troid go dian le claínn Ammoin agus do ghlaos oraibhse chun cabhartha liom agus ní dhéanfadh sibh é. 3 Nuair a chonac an ní sin do chuireas m'anam im lámh féin agus d'imíos anonn in aghaidh chlainne Ammoin agus thug an Tiarna isteach im lámhaibh dom iad. Cad 'ta déanta as an slí agam go n-éireódh sibh chun troda liom?

4 Ansan do ghlaeigh sé chuige fir Ghalaaid go léir agus thug sé cath do chlaínn Ephraim: agus do bhuaigh fir Ghalaaid ar Ephraim, mar go nduairt sé: teifeach ó Ephraim is ea Galaad agus tá sé 'na chónaí idir Ephraim agus Manasses. 5 Agus do ghoibh na Galaadítigh áthanna an Iórdain mar a gcaithfeadh Ephraim teacht abhaile. Agus nuair a thagadh aon duine d'uimhir Ephraim ann, agus é ag teitheadh, agus do ndeireadh sé: Aicim oraibh leogaint dom dul thar abhainn: deireadh na Galaadítigh leis: Nách Ephraimíteach tu? Dá n-abradh sé: Ní hea: 6 d'iarraidís air: Abair "Scibolet" más ea (a mínítear "dias arbhair"), agus dá ndeireadh sé "Sibolet", toisc gan é ' bheith ábalta ar dhias arbhair do rá leis an leitir gcéanna, do bheiridís air láithreach agus maraidís é, díreach ag áit an Iórdain: agus do thit an uair sin d'Ephraim cheithre dheich a dó de mhíltibh fear.

7 Agus bhí Iephte an Galaadíteach 'na bhreithiún ar Israél ar feadh sé mblian.* 8 'na dhiaidh sin bhí Abesan Bhetlehem 'na bhreithiún ar Israél. 9 Bhí tríochad mac aige sin, agus tríochad iníon. Agus chuir sé na hiníonacha amach agus thug sé d'fhearaibh iad, agus thug sé leis an oiread chéanna de mhnáibh dá mhacaibh agus thug sé leis isteach 'na thigh iad. Bhí sé 'na bhreithiún ar Israél ar feadh seacht mblian 10 agus fuair sé bás agus do cuireadh é i mBetlehem.

11 Tháinig 'na dhiaidh sin Ahialon, Sabuloníteach, agus bhí sé 'na bhreithiún ar feach deich mblian. 12 Fuair sé sin bás agus do cuireadh é i Sabulon. 13 Tháinig 'na dhiaidh sin Abdon mac Illel, Pharatoníteach, agus bhí sé 'na bhreithiún ar Israél; 14 agus bhí daichead mac aige, agus, uathu san, tríochad mac mic, agus bhídís ag marcaíocht ar muin seacht ndeich d'asalaibh óga. Agus bhí sé 'na bhreithiún ar Israél ar feadh ocht mblian. 15 Agus fuair sé bás agus do cuireadh é i bhFaraton, i dtír Ephraim, i gcnuic Amalech.

1 Véar. 37. "Mo mhaighdinis". Bhí dúil mhór ag mnáibh i mbreith clainne sa tSean-Reacht, nuair ' fhéadfadh gach bean súil a bheith aici go mb'fhéidir gur ar a sliocht féin a thiocfadh an Slánaitheóir lá éigin. Ach fén dTiomna nua is féarr le daoine an maighineas (1 Cor. 7:35).

Caib. a Trídéag

Na daoine ag titim arís in iodaladhradh agus na Philistínigh dhá gcrá. Aingeal ag targaireacht bhertha Shamsoin.

1 Agus dhein clann Israél an t-olc i radharc an Tiarna*: agus thug sé suas iad i lámhaibh na bhFilistíneach ar feadh daichead blian. 2 Ach bhí fear áirithe ó Sharaa, agus de threibh Dain ab ea é, agus Manue ab ainm do, agus bhí a bhean aimrid. 3 Agus do taispeánadh di aingeal ón dTiarna, agus duairt sé léi: Taoise aimrid agus gan chlann. Ach geóbhair gein agus béarfair mac. 4 Agus anois, dá bhrí sin seachain agus ná hól aon fhíon, ná aon deoch láidir, agus ná hith aon ní neamhghlan; 5 óir geóbhair gein agus béarfair mac, agus ní bhainfidh aon deímheas lena cheann mar beidh sé 'na Nasaríteach chun Dé, óna naíonacht, agus ó bhroínn a mháthar, agus tosnóidh sé ar Israél a dh'fhuascailt ó sna Philistínigh. 6 Agus nuair a tháinig sí ag triall ar a fear duairt sí leis: Tháinig fear ó Dhia chum agus gnúis aingil air, róscannrúil. Agus nuair ' fhiafraíos de cérbh é, agus cárbh as do, agus cad é an ainm a bhí air, ní neósfadh sé dhom, 7 ach d'fhreagair sé mar seo: Féach, geóbhairse gein agus béarfair mac: seachain agus ná hól fíon ná deoch láidir, agus ná hith aon ní neamhghlan: mar beidh an leanbh 'na Nasaríteach chun Dé óna naíonacht agus ó bhroínn a mháthar go dtí lá a bháis. 8 Ansan do ghuigh Manue chun an Tiarna agus duairt sé: Aicim ort, a Thiarna, an fear ó Dhia do chuiris uait do theacht arís, agus a mhúineadh dhúinn cad is ceart dúinn a dhéanamh i dtaobh an linbh a béarfair. 9 Agus d'éist an Tiarna le guí Mhanue, agus do thaispeáin aingeal an Tiarna é féin dá mhnaoi agus í 'na suí sa pháirc. Ach ní raibh a fear Manue 'na teannta agus* 10 dhein sí dithneas agus do rith sí ag triall ar a fear agus d'inis sí dho agus duairt sí: Féach, an fear úd a chonac cheana do thaispeáin sé é féin dom. 11 D'éirigh sé agus do lean sé a bhean agus tháinig sé ag triall ar an bhfear agus duairt sé leis: An tusa an té a labhair leis an mnaoi? Agus d'fhreagair seisean: Is me. 12 Agus duairt Manue leis: Nuair a thioctaidh do rá chun cinn cad is toil leat a dhéanfadh an leanbh? Nú cad uaidh go gcimeádfaidh sé sé féin? 13 Agus duairt aingeal an Tiarna leis: Ó gach ní dá nduart led mhnaoi cimeádadh sí í féin¹. 14 Ná hitheadh sí aon ní a thagann ón bhfíniúin, agus ná hóladh sí fíon ná aon deoch láidir, agus ná hitheadh sí aon ní neamhghlan, agus gach ní atá órdaithe agam di cómhliónadh sí agus deineadh sí.

15 Agus duairt Manue leis an aingeal: Aicim ort, tabhair toil dom achainí, agus leog dúinn meannán d'ollmhú dhuit. 16 Agus d'fhreagair an t-aingeal é: *Ní íosfad aon ní ded bhia. Ach más maith leat *holocaust* d'ofráil dein é ' dh'ofráil chun an Tiarna. Agus ní raibh ' fhios ag Manue gurbh é aingeal an Tiarna é. 17 Agus duairt sé leis: Cad is ainm duit, i dtreo má thagann do rá chun cinn go bhféadfaimid onóir a thabhairt duit? 18 Cad ab áil leat ag fiafraí m'ainme? Ainm iúntach is ea é. 19 Ansan do thóg Manue meannán as an dtréad agus na *libátíona** agus chuir sé ar charraig iad agus dhein sé ofráil chun an Tiarna a dheineann nithe iúntacha: agus bhí sé féin agus a bhean ag féachaint (ar an ofráil), 20 agus nuair a bhí an lasair ón altóir ag dul suas chun neimhe chuaigh aingeal an Tiarna suas, leis, sa lasair. Agus nuair a chonaic Manue agus a bhean an ní sin do chaitheadar iad féin anuas ar an dtalamh, 21 agus ní fheacadar aingeal an Tiarna a thuilleadh. Agus do thuig Manue láithreach gurbh aingeal ón dTiarna a bhí ann 22 agus duairt sé lena mhnaoi: is deimhin go bhfaighimid bás, oir do chonacamair Dia². 23 Agus duairt an bhean: Dá mbeadh an

1 Caib. 13. véar. 13. "Cimeádadh sí í féin". Ní soiléir ón dtéacs Laidne ceocu don leanbh nú don mháthair a hórdaíodh an cimeád san; ach taispeánann an Éabhrais ('na bhfuilid na gníomhfhocail go léir sa bhainínsce) gur don mháthair a hórdaítear é. Ach bhí an leanbh, leis, chun staonadh ó sna nithibh úd, mar bhí sé le bheith, óna naíonacht, 'na Nasaríteach chun Dé (véar. 5) agus bhí ar Nasaraníteach, de réir na dlí, staonadh ó sna nithibh úd uile.

2 Véar. 22. "Do chonacamair Dia". Ní 'na phearsain féin é ach i bpearsain a theachtair. Do shamhlaigh na Israélitigh, in sna laethibh sin, go gcaithfidís bás d'fháil dá bhfeicidís aingeal, ag machnamh dóibh, b'fhéidir, ar an gcainnt aduairt an Tiarna le Maois (Ecs. 33:20), "Ní féidir d'éinne me ' dh'fheiscint agus fanúint beó". Ach do

Leabhar na mBreithiún

Tiarna ar aigne sinn a mharú ní ghlacfaidh sé *holocaust* agus *libátíona** as ár lámhaibh, ná ní thaispeánfaidh sé dhúinn na nithe úd go léir, ná ní neósfadh sé dhúinn na nithe atá le teacht.

24 Agus do rug sí mac agus thug sí Samson mar ainm air. Agus d'fhás an leanbh agus chuir an Tiarna a bheannacht air. 25 Agus do thosnaigh sprid an Tiarna ar bheith in' fhochair i longphort Dain, idir Sharaa agus Estaol.

Caib. a Ceathairdéag

Samson a d'iarraidh mná as na Philistínigh. Maraíonn sé león. Faigheann sé, 'na dhiaidh san, mil i mbéal an leóin mhairbh. A bhainis agus a cheist. Nochtann an bhean an cheist. Maraíonn sé trí deichniúir de sna Philistínigh agus baineann sé an t-éadach díobh. Glacann a bhean fear eile.

1 Ansan chuaigh Samson síos go Tamnata agus chonaic sé san áit sin bean d'iníneachaibh na bhFilistíneach: 2 tháinig sé aníos agus duairt sé len' athair agus lena mháthair: Chonac bean i dTamnata d'iníneachaibh na bhFilistíneach: Aicim oraibh í ' thógaint dom mar mhnaoi. 3 Agus duairt a athair agus a mháthair leis: An amhlaidh ná fuil aon bhean¹ ar iníneachaibh do bhráthar, ná ar mo dhaoine go léir, treás gur mian leat bean do thógaint as na Philistínigh atá gan timpallghearradh? Agus duairt Samson len' athair: Tóg an bhean so dhom, óir taitheann sí lem shúilibh.

4 Ní raibh ' fhios ag an athair ná ag an máthair, áfach, gurbh é an Tiarna a bhí ag déanamh an ghnótha san chun caoi a dh'fháil in aghaidh na bhFilistíneach; óir bhí smacht ag na Philistínigh ar Israél an uair sin. 5 Agus d'imigh Samson síos go Tamnata in éineacht len' athair agus lena mháthair. Agus nuair a bhíodar tagaithe go dtí fionghuirt an bhaile, féach do bhuail león óg uime agus é ag búirthe ar buile. 6 Agus tháinig sprid an Tiarna ar Shamson agus do strac sé an león mar a stracfaidh sé meannán, 'na phíosuibh, agus gan aon rud in aon chor 'na lámhaibh aige. Agus ní neósfadh sé an ní sin dá athair agus dá mháthair.

7 Agus d'imigh sé síos agus do labhair sé leis an mnaoi a thaithn lena shúilibh. 8 Agus tar éis roinnt laethanta bhí sé ag teacht chun í ' thógaint agus d'iompaigh sí i leataoibh go bhfeicfeadh sé corpán an leóin, agus féach, bhí saithe beach agus criathar meala i mbéal an leóin. 9 Do thóg sé 'na lámhaibh é agus bhí sé dhá ithe, agus tháinig sé chun a athar agus a mháthair agus thug sé dhóibh cuid de agus d'itheadar é. Ach níor thoil leis a dh'insint dóibh gur a corpán an leóin a thóg sé an mhil. 10 Agus chuaigh a athair síos ag triall ar an mnaoi agus dhein sé féasta dá mhac Samson; óir sin mar a dheineadh na fir óga. 11 Agus nuair a chonaic muintir na háite sin é, thugadar chuige trí deichniúir de chomrádaithibh le bheith in' fhochair. 12 Agus duairt Samson leo: Tabharfad ceist díbh le réiteach agus má réitíonn sibh dom í laistigh de sheacht lá ná bainise tabharfadsa dhíbhse trí dheich de léinteachaibh agus an uimhir chéanna de chasógaibh. 13 Ach mura bhféadaidh sibhse an cheist do réiteach dom, tabharfaidh sibhse dhómhsa trí dheich le léinteachaibh agus an uimhir chéanna de chasógaibh. Agus d'fhreagadar san: Cuir amach an cheist go n-airíom í. 14 Agus duairt sé leo:—

“As an itheadóir tháinig bia amach,

thaispeáin ar tháinig as gur shamhlú gan bhunús é.

1 Caib. 14. véar. 3. “An amhlaidh ná fuil aon bhean &c”. Taispeánann san go raibh a mhuintir i gcoinnibh an chleamhnais ar dtús toisc a leithéid a bheith coiscithe (Deut. 7:3) ach gur ghéilleadar 'na dhiaidh san nuair a thuigeadar gur cheadaigh Dia é.

Leabhar na mBreithiún

agus as an láidir tháinig míleacht amach”,

agus do theip orthu i gcaitheamh trí lá an cheist do réiteach. 15 Nuair a tháinig an seachtú lá dúradar le mnaoi Shamsoin: Dein t’fhear do bhréagadh agus meall uaidh réiteach na ceiste úd a dh’insint duit. Mura ndeinir é sin loiscimid thu féin agus tigh t’athar. An chun sinn do lomadh do ghlaeis chun na cóisireach sinn? 16 Ansan do bhíodh sí ag gol os cómhair Shamsoin agus deireadh sí: Tá fuath agat dom, agus níl aon ghrá agat dom. Sin é cúis ná réiteofá dhom an cheist úd a chuiris ar mhacaibh mo dhaoine. Agus deireadh seisean: Ní neósfaínn dom athair ná dom mháthair é agus conas ’fhéadfadh é ’dh’insint duitse? 17 Agus bhí sí ag gol os a chómhair seacht lá na bainise, agus fé dheireadh, an seachtú [lá]*, toisc í ’bheith dhá chiapadh, d’inis sé dhi é. D’inis sise láithreach é dá daoine féin. 18 Ansan, an seachtú lá, roimh dhul gréine fé, dúradar leis: Cad is míle ná mil? Agus cad is treise ná león? Agus duairt sé leo:—

Mura mbeadh sibh a bheith ag treabhadh lem shamhaisc ní bhfaigheadh sibh amach réiteach mo cheiste.

19 Ansan do tháinig sprid an Tiarna air agus chuaigh sé síos go dtí Ascalon agus mhairbh sé tríochad fear (nú, deich feara fichid) agus bhain sé a gcuid éadaigh díobh agus thug sé an t-éadach dóibh sin a réitigh an cheist. Agus bhí árdfhearg air agus d’imigh sé suas go dtí tigh a athar. 20 Ach do phós an bhean duine de chómhaltaibh a fir.

Caib. a Cúigdéag

Cimeádtar a bhean ó Shamson. Loisceann sé arbhar na bhFilistíneach, agus maraíonn sé a lán acu.

1 Tamall ’na dhiadh san, nuair a bhí laethanta fómhair na crithneachtan in achomaireacht, tháinig Samson ag féachaint a mhná, agus thug sé leis meannán as an dtréad chúithi. Agus nuair a bhí se ag dul isteach ’na seómra, mar ba ghnáth, ní cheadódh a hathair do é, agus duairt sé: 2 Mheasas go raibh fuath tabhartha agat di, agus dá bhrí sin, thugas dod charaid í: ach tá drifíur aici atá níos óige ná í agus níos áille, tóg í sin mar mhnaoi ’na hinead. 3 Agus d’fhreagair Samson é: Ón lá so amach beadsa neamhchiontach (’na ndéanfadh) in aghaidh na bhFilistíneach: óir déanfadh dochair díbh. 4 Ansan d’imigh sé agus do rug sé ar thrí chéad sionnach¹ agus cheangail sé eireabail gach dá shionnaigh díobh dá chéile, agus ansan do chuir sé tóirse ar lasadh idir gach dá eireabail 5 agus do scaoil sé uaidh iad i dtreo go mbeidís ag rith anonn ’s anall. Agus do ritheadar isteach láithreach in arbhar na bhFilistíneach a bhí gan baint. Do cuireadh an t-arbhar san trí thine i dtreo gur loisceadh é féin agus an t-arbhar a bhí cruinnithe, é go léir, agus gur loisc an lasair na fionghuirt, leis, agus na holaghuirt. 6 Ansan duairt na Philistínigh: Cé ’dhein an ní sin seo? Agus do freagradh: Samson, cleamhain an Tamnatítigh a dhein é, toisc gur thóg an Tamnatíteach a bhean uaidh agus gur thug sé d’fhear eile í. Agus chuaigh na Philistínigh suas agus do loisceadar an bhean agus a hathair. 7 Ach duairt Samson leo: Bíodh go bhfuil an méid sin déanta agaibh déanfadsa tuilleadh díoltais oraibh agus ansan fanfad socair. 8 Ansan, do dhein sé ár ana-mhór orthu, i dtreo, le méid an uatháis a bhí orthu, go gcuiridís colpa na coise ar an sliasaí. Ansan d’imigh sé síos agus chónaigh sé i bpluais a bhí i gcarraig Etaim.

1 Caib. 15. véar. 4. “Trí chéad sionnach”. Ó bhí sé ’na bhreithiún ar na daoine b’fhéidir go raibh a lán ag tabhairt cúnta dho chun bertha orthu, le líontaibh nú ar chuma éigin eile. Bhí an dúthaigh lán díobh.*

Leabhar na mBreithiún

9 Ansan d'imigh na Philistínigh suas agus do champaíodar san áit sin ar ar tugadh 'na dhiaidh san Lechi, 'sé sin, cnámh an chorráin, agus bhí a slua leata amach san áit sin. 10 Agus duairt fir treibhe Iúda leó: Cad 'na thaobh go bhfuil tagaithe aníos 'nár gcoinnibhne? Agus dúradar san: Táimid tagaithe chun Samsoin do cheangal agus chun na n-olc atá déanta aige orainn do chúiteamh leis. 11 Ansan chuaigh trí mhíle fear de threibh Iúda síos go dtí uaimh carraige Etaim agus dúradar le Samson: Nách eól duit go bhfuil smacht ag na Philistínigh orainn? Cad chuige dhuit a leithéid do dhéanamh? Agus duairt seisean leó: Mar a dheineadar liom is ea ' dheineas leó. 12 Agus dúradar leis: Táimidne tagaithe chun tu ' cheangal agus do thabhairt suas do sna Philistínigh. Agus duairt Samson leó: Tugaidh geallúint dómhsa fé dhearbhu ná maróidh sibh me. 13 Agus dúradar san: Ní mharóimid thu ach tabharfaimid suas gofa thu do sna Philistíneachaibh. Ansan do cheangladar é le téadaibh* nua agus thugadar leó é ó charraig Etaim. 14 Nuair a bhí sé tagaithe go dtí áit an chnáimh chorráin agus bhí na Philistínigh ag teacht, agus iad ag liúirigh, ag triall air, tháinig sprid an Tiarna air go láidir agus, mar is gnáth líon do loscadh nuair a thagann an tine 'na ghaire, is ea do briseadh na téadracha a bhí dhá cheangal agus do bogadh iad, 15 agus do rug sé ar chnámh corráin, eadhon cnámh corráin asail, do tharla san áit, agus mhairbh sé míle fear leis, 16 agus duairt sé:—

Le cnámh corráin an asail,
le corrán siorraigh na n-asail,
do thraochas iad,
agus do mharáios míle fear.

17 Agus nuair a bhí cantainn na bhfocal san críochnaithe aige, do chaith sé as a láimh an cnámh corráin agus thug sé mar ainm ar an áit sin Ramatlechi, a mínítear, árdú an chnáimh chorráin. 18 Ansan bhí ana-thart air agus do scread sé ar an dTiarna agus duairt sé: Tá an fhuascailt mhór so agus an bua mór tabhartha agat isteach i láimh do sheirbhísigh: agus féach táim ag dul chun báis le tart agus titfead isteach i lámhaibh na neamhthimpallghearrtha. 19 Ansan d'oscail an Tiarna cúilfhíacal i gcorrán an asail agus tháinig uisceacha amach as, agus nuair 'ól sé na huisceacha san do fionnuaradh a sprid agus tháinig a neart thar n-ais chuige. Dá dheascaibh sin do tugadh mar ainm ar an áit sin Tobar an té do ghlaeigh ón gcnámh corráin, go dtí an lá so.

20 Agus bhí Samson 'na bhreithiún ar Israél ar feadh fiche blian, i laethibh an bhFilistíneach.

Caib. a Sédéag

Bob ag Dalíla á bhualadh ar Shamson. Greim ag na Philistínigh dá fháil air. A bhás.

1 Agus chuaigh sé isteach i nGasa, leis, agus chonaic sé san áit sin bean agus méirdreach ab ea í, agus chuaigh sé isteach ag triall uirthi. 2 Agus nuair 'airigh na Philistínigh an ní sin agus do hínseadh eartarthu go raibh Samson tagaithe isteach sa chathair, cuireadar gárdaí ag geata na cathrach agus thánadar timpall ar Shamson (nú ar an tigh 'na raibh sé) agus d'fhanadar ann an oíche go léir ag faire air go ciúin, chun go maróidís é ar maidin nuair a bheadh sé ag gabháil amach. 3 Ach do chodail Samson go meán oíche. Ansan d'éirigh sé agus thóg sé dhá chómhla an gheata agus na pollaí agus an sabh (nú an bolta) agus chuir sé chuige ar a ghuaillibh iad agus do rug sé leis iad go dtí barra an chnuic atá ag féachaint i dtreo Hebroin.

Leabhar na mBreithiún

4 'Na dhiaidh san thug sé grá do mhnaoi a bhí 'na cónaí i nGleann Sorec, agus Dalíla¹ a tugtí uirthi. 5 Agus tháinig priúnsaí na bhFilistíneach ag triall uirthi agus dúradar: Dein é ' mhealladh agus a dh'fháil amach uaidh cad ann go bhfuil an neart mór atá aige, agus conas a thiocfaimíd ar bhuachtaint air agus ar é ' cheangal, agus ar phionós do chur air: agus má dheineann tú an ní sin, tabharfaimíd duit, ó gach duine againn, aon chéad déag de phíosaíbh airgid.

6 Agus duairt Dalíla le Samson: Inis dom, aicim ort, cad ann go bhfuil do mhórneart, agus cad é an rud, dá gceangaltí thu leis, ná féadfá briseadh as? 7 Agus duairt Samson léi: Má ceangaltar me le seacht téadaibh a deineadh de lúithreachaibh nár thriomaigh, ach atá úr fós, beidh mé lag mar aon fhear eile. 8 Ansan thug priúnsaí na bhFilistíneach chúithi seacht téadracha den tsaghas aduairt sé, agus cheangail sí é leis na seacht téadaibh*, 9 agus bhí fir i bhfolach aici, sa tseómra, ag faire chúthu. Agus do liúigh sí chuige: Chút na Philistínigh, a Shamsoin! agus do bhris sé na téadracha mar a bhrisfeadh duine snáth bunaidh a casadh le sile, nuair a raghadh balaith na tine faoi. Agus ní raibh ' fhios cad ann go raibh a neart.

10 Agus duairt Dalíla leis: Féach, bhís ag magadh fúm, agus dúraís bréag liom. Ach anois féin inis dom cad leis gur féidir thu ' cheangal. 11 Agus d'fhreagair sé í: Má ceangaltar me le téadaibh nua ná raibh riamh in obair, beidh mé chomh lag le fearaibh eile. 12 Do cheangail Dalíla arís é leis na téadaibh sin, agus do liúigh sí: Chút na Philistínigh, a Shamsoin! agus na fir i bhfolach aici ollamh do. Ach do bhris sé na ceanglacha mar a bhrisfeadh sé snáth rúáin alla.

13 Agus duairt Dalíla leis arís: An fada a bheir 'om chur amú agus ag ínsint éithigh dom? Taispeáin dom cad leis gur féidir thu ' cheangal. Agus duairt Samson léi: Má fhíonn tú seacht ndlaoithe mo chinn le lása, agus iad do cheangal timpall ar tharainne agus an tarainne do dhaingniú sa talamh, beidh mé lag. 14 Agus nuair a bhí san déanta ag Dalíla duairt sí leis: Chút na Philistínigh, a Shamsoin! Agus do dhúisigh sé as a chodladh agus do tharraig sé an tarainne as an dtalamh, in éineacht leis an ngruaig agus leis an lása.

15 Ansan duairt Dalíla leis: Conas is féidir duit a rá go bhfuil grá agat dom agus gan t'aighe liom? Tá éitheach ínte agam dom trí huaire anois, agus ní neósfa dhom cad ann go bhfuil an neart mór san atá ionat. 16 Agus nuair a lean sí ag tathant air, agus ag ceangal suas de, agus dhá chiapadh, ar feadh mórán laethanta, do chuaigh dá aighe agus bhí sé tuirseach go fonn báis. 17 Ansan do nocht sé fírinne an scéil agus duairt sé léi: Níor chuaigh deimheas ar mo cheann riamh, óir is Nasaríteach me, 'sé sin le rá, táim coisricthe chun Dé ó bhroínn mo mháthar. Má beárrthar mo cheann imeóidh mo neart uaim agus beidh mé lag, agus bead mar aon fhear eile. 18 Ansan nuair a thuig sí go raibh a aighe ar fad nochtaithe aige dhi, chuaigh sí ag triall ar phriúnsaíbh na bhFilistíneach agus duairt sí leo*: Tagaidh aníos, an t-aon uair amháin eile seo, óir tá sé tar éis a chroí a dh'oscailt dom anois. Chuadar suas agus do rugadar leo an t-airgead*. 19 Ansan chuir sí ' fhéachaint air codladh ar a glúinibh agus a cheann 'na hucht aici agus chuir sí fios ar bhearbóir agus bheárr sí a sheacht ndlaoithe, agus chrom sí ar é ' dhíbirt uaithi agus ar é ' chaitheamh amach uaithi*. 20 Agus duairt sí: Chút na Philistínigh, a Shamsoin! Agus do dhúisigh sé as a chodladh, agus duairt sé in' aighe: Raghad amach mar a dheininn cheana agus croithfead me féin. Óir ní raibh ' fhios aige go riabh an Tiarna imithe uaidh. 21 Agus do rug na Philistínigh air agus bhaineadar na súile as láithreach, agus

1 Caib. 16. véar. 4. "*Dalíla*". Measaid drong go raibh sí pósta ag Samson. Measaid drong eile gur 'na striapaigh a bhí sí aige. Más fíor san, ní féidir iúnadh ' dhéanamh den phionós a cuireadh air mar gheall ar a dhrúis, agus thug an Tiarna isteach i láimh a namhad é tríd a mhnaoi sin. Ach cheana, má bhí sé ciontach is deimhin gur iompaigh sé ar Dhia agus gur dhein sé aithrí go fírinneach nuair a bhí sé sa ghuais agus gur maitheadh do.

Leabhar na mBreithiún

do rugadar leó gofa é go dtí Gasa, agus chuireadar isteach i bpríosún é agus chuireadar ' fhéachaint air bheith ag meilt.

22 Agus ar ball do thosnaigh a ghruaig ar bheith ag fás arís. 23 Agus tháinig príunsaí na bhFilistíneach i bhfochair a chéile chun íbirtí móra ' dhéanamh chun Dagoín an dia a bhí acu. Agus bhíodar súch, agus deiridís: Tá ár ndia tar éis ár namhad do thabhairt isteach 'nár lámhaibh dúinn. 24 Agus chonaic na daoine* an ní sin, agus bhíodar ag moladh a ndé, agus deiridís an rud céanna: Tá ár ndia tar éis ár namhad do thabhairt isteach 'nár lámhaibh dúinn. Sin fear do scrios ár dtír agus do mhairbh mórchuid. 25 Agus bhíodar ag déanamh gáirdeachais 'na bhféastúchán, agus nuair a bhí a ndóthain ite agus ólta acu, d'ordaíodar Samson do ghlaoch chúthu chun go ndéanfaidh sé cleasaíocht os a gcómhair. Do tugadh as an bpríosún é agus bhí sé ag déanamh na cleasaíochta os a gcómhair, agus chuireadar ' fhéachaint air seasamh idir dhá pholla. 26 Agus duairt sé leis an mbuachaill a bhí ag stiúru a chiscéimeanna: Leog dom teangmháil leis na pollaibh atá ag cimeád an tí go léir suas agus leog dom luí orthu agus suaimhneas beag do ghlacadh. 27 Ach bhí an tigh lán d'fhearaibh agus de mhnáibh, agus bhí príunsaí na bhFilistíneach go léir ann, agus bhí timpall trí mhíle duine, fir agus mná, ag féachaint ar chleasaíocht Shamsoin ó bharr an tí agus óna bhuaic. 28 Agus do ghlaeigh sé ar an dTiarna agus duairt sé: Ó a Thiarna Dia, cuímhnikh orm, agus tabhair dom anois an neart a bhí agam ar dtúis, Ó a Dhia, i dtreó go ndéanfadh mo dhíoltas¹ ar mo namhaid, agus go dtógfad aon díoltas amháin mar gheall ar mo dhá shúil. 29 Ansan do rug sé greim ar an dá pholla ar a raibh an tigh go léir ag seasamh, a lámh dheas ar pholla acu agus a lámh chlé ar an bpolla eile, 30 agus duairt sé: Faigheadh m'anam bás² i dteannta na bhFilistíneach. Agus do bhuaile sé i gcoinnibh a chéile iad lena neart, agus do thit an tigh ar na príunsaibh go léir agus ar an suaitheantas daoine a bhí cruinnithe ann, agus is mó go mór ar mhairbh sé dhiobh le linn a bháis ná ar mhairbh sé dhiobh i gcaitheamh a shaeil roimis sin.

31 Agus tháinig a bhráithre agus a ghaolta anuas agus do rugadar leó a chorp agus d'adhlacadar é idir Sharaa agus Estaol, i roilig a athar Manue. Atus bhí sé 'na bhreithiún ar Israél ar feadh fiche blian.

Caib. a Seachtdéag

Íodal Mhichais, agus an Levíteach óg

1 Bhí, an uair sin, fear i gnuic Ephraim agus Michas ab ainm do, 2 agus duairt sé lena mháthair: An t-aon chéad déag úd de phíosáibh airgid a chuiris-se i leataoibh duit féin agus gur dheinis an dearbhú 'na dtaobh agus me ag éisteacht leat, féach, táid siad agam, agus táid siad im sheilbh. Agus duairt sí leis: Beannacht ón dTiarna ar mo mhac! 3 Agus thug sé thar n-ais dá mháthair iad, agus duairt sise leis: Do choisreacas-sa agus do mhóidíos an t-airgead so chun an Tiarna, ionas go nglacfadh mo mhac óm láimh é agus go ndéanfadh sé dia snoite leachta, agus mar sin tugaim suas duit é. 4 Agus thug sé thar n-ais dá mháthair iad: agus thóg sí dhá chéad píosa airgid agus thug sí don ghabha gheal iad chun go ndéanfadh sé dhiobh rud* snoite, agus leachta, a bhí i dtigh Mhichais.

1 Véar. 28. "Díoltas". Ní le mailís ná le drochaigne a loirg sé an díoltas san ach le dúil i gceart in aghaidh namhad Dé agus a dhaoine.

2 Véar. 30. "Faigheadh m'anam bás". Sin í an chiall de réir na bhfocal. Níor dhein Samson peaca leis an ngníomh san, bíodh gur thug an ngníomh san a bhás féin leis. Is é Dia féin do sprioc é chun an ghnímh a dhéanamh, agus thug Dia a neart thar n-ais do le míorúilt, nuair ' iarr sé air é, i dtreó gur fhéad sé an ngníomh a dhéanamh. Samhaltas ar Chríost ab ea Samson. Lena bhás is ea do rug Chríost bua ar a namhaid.

Leabhar na mBreithiún

5 Agus do dheighil sé ann, leis, teampaillín don dia, agus dhein sé *ephod*, agus *teraphim*, 'sé sin le rá, éide shagairt, agus íodail, agus do líon sé lámh¹ dhuine dá mhacaibh agus bhí sé 'na shagart aige.

6 In sna laethibh sin ní raibh aon rí in Israél, ach gach éinne ag déanamh an ruda a shamhlaigh sé féin ba cheart.

7 Bhí fear óg eile, leis, de Bhetlehem Iúda, dá ghaoltaibh sin, agus Levíteach ab ea é, agus bhí sé 'na chónaí ann. 8 Agus d'imigh sé amach ó chathair Bhetlehem, agus ba mhian leis cónaí ' dhéanamh pé ball 'na bhfaigheadh sé an áit oiriúnach do. Agus nuair a bhí sé tagaithe go dtí cnuc Ephraim, agus é ag cur na slí dhe, d'iompaigh sé i leataoibh beagán, agus chuaigh sé isteach i dtigh Mhichais. 9 D'fhiafraigh Michas de cá dtáinig sé. Agus d'fhreagair seisean: Levíteach ó Bhetlehem Iúda is ea me, agus táim ag dul chun cónaithe pé ball 'na bhféadfad agus 'na bhfaigheadh áit a bheidh tairbheach dom. 10 Agus duairt Michas leis: Fan agamsa agus bí it athair agus id shagart dom agus tabharfad deich gcínn de phíosaibh airgid duit gach bliain agus dhá chulaith éadaigh agus do chothú. 11 Bhí sé sásta, agus d'fhan sé ag an bhfear, agus bhí sé dho mar dhuine dá mhacaibh. 12 Agus do líon Michas a lámh, agus chimeád sé an t-óigfhear aige, mar shagart do, agus duairt sé: 13 Tá ' fhios agam anois go ndéanfaidh Dia rud maith dhom, ó tá sagart de threibh na Levíteach agam.

Caib. a hOchtdéag

Gluaiseacht fear Dain in aghaidh Lais. Ar an slí dhóibh robálaid siad Michas, beirid siad uaidh a shagart agus a dhéithe.

1 In sna laethibh sin ní raibh rí in Israél, agus bhí treibh Dain ag lorg oidhreachta dhóibh féin chun cónaithe ann; óir go dtí an lán san ní raibh a gcrannchur² fáлта acu i measc na dtreabh eile. 2 Mar sin do chuir treibh Dain cúigear fear dá gcine agus dá muíntir amach uathu, fir ana-chróga, chun na tíre do bhrath agus d'fhéachaint go cruinn, agus dúradar leo: Imídh agus féachaidh an tír. D'imíodar orthu, agus nuair a thánadar go dtí cnuc Ephraim chuadar isteach i dtigh Mhichais agus ghlacadar suaimhneas ann. 3 Agus d'aithníodar glór an fhir óig, an Levítigh agus iad ar lóistín aige, agus dúradar leis: Cé ' thug thusa anso? Cad 'tá agat á dhéanamh anso? Cad 'na thaobh duit teacht anso? 4 D'fhreagair sé iad: Tá a leithéid seo agus a leithéid siúd déanta ag Michas dom, agus tá tuarastal aige á thabhairt dom as me ' bheith im shagart aige. 5 Ansan dúradar leis a ngnó féin do chur i gcómhairle an Tiarna, féachaint an éireódh a gcúrsa leo, agus an raghadh an obair chun cinn. 6 D'fhreagair sé iad: Imídh i síocháin. Tá an Tiarna ag féachaint ar úr slí agus ar an gcuard atá agaibh á thabhairt.

7 D'imigh an cúigear agus thánadar go dtí Lais: agus chonacadar conas mar a bhí na daoine 'na gcónaí ann agus gan aon eagla orthu, de réir nóis na Sídoniánach, go socair sámh, gan aon fhear in aon chor ag cur 'na gcoinnibh, ach iad go hana-shaibhir, agus iad i bhfad ó Shídon agus ón gcoitiantacht. 8 Agus thánadar thar n-ais ag triall ar a mbráithribh i Saraa agus in Estaol, agus d'fhiafraíodara san díobh cad a bhí déanta acu, agus dúradar leo: 9 Éirídh agus téimis suas chúthu, óir do chonacamair an talamh agus tá sé ana-shaibhir, ana-thortúil. Ná deinidh failí. Ná caillidh aon aimsir. Téimis agus glacaimis seilbh ann. Ní bheidh aon deacracht ann. 10 Tiocfaimíd chun daoine

1 Caib. 17. véar. 5. “Do líon sé a lámh”, eadhon, do cheap sé é agus do choisric sé é chun na sagartachta.

2 Caib. 18. véar. 1. “A gcrannchur”. Bhí a gcrannchur tabhartha dhóibh (Iós. 19:40), ach mar gheall ar a leisce féin ní raibh seilbh glacaithe fós ach i gcuid bheag de.

Leabhar na mBreithiún

atá gan choinne le dochar, isteach i dtír leathan, agus tabharfaidh an Tiarna dhúinn an áit, áit ná fuil aon ní a dh'fhásann ar an dtalamh ag teastabháil ann.

11 Do ghluais, dá bhrí sin, sé chéad fear, de ghaoltaibh Dain, ó Sharaa agus ó Estaol, agus iad gléasta le harmaibh cogaidh, 12 agus chuadar suas agus do stadadar i gCariatiarim Iúda. Agus do tugadh mar ainm ar an áit sin ó shin, longphort Dain, agus tá sé laistiar de Chariatiarim. 13 Chuadar treasna as san go dtí cnuc Ephraim isteach. Agus nuair a thánadar go tigh Mhichais 14 duairt an cúigear a tháinig roimis sin ag féachaint tíre Lais leis an gcuid eile dá mbráithribh: Is eól díbh go bhfuil in sna tithibh seo *ephod* agus *teraphim* agus rud snoite*, agus leachta, féachaidh cad is maith libh a dhéanamh. 15 Agus d'iompaíodar i leataoibh agus chuadar isteach i dtigh an óigfhir, an Levítigh úd a bhí i dtigh Mhichais, agus bheannaíodar do i bhfoclaibh síochána. 16 Agus do sheasaimh an sé chéad fear ar aghaidh an dorais amach, agus iad armtha. 17 Ach an mhuíntir a chuaigh isteach i dtigh an fhir óig, chuireadar chun an dé shnoite do bhreith leó, agus an leachta agus an *t-ephod* agus an *teraphim*, agus do sheasaimh an sagart ag an ndoras, agus gan an sé chéad fear i bhfad uaidh. 18 Agus do thóg an mhuíntir a chuaigh isteach an rud snoite agus an *t-ephod* agus agus na híodail agus an rud leachta*. Agus duairt an sagart leó: Cad é sin agaibh á dhéanamh? 19 Agus dúradar leis: Eist do bhéal, cuir do mhéar ar do bhéal agus tar linne i dtreó go mbeir againn mar athair agus mar shagart. Ceocu is fearra dhuit bheith id shagart i dtigh aon fhir amháin, nú i dtreibh agus i muíntir in Israél? 20 Nuair ' airigh sé an chainnt sin do thoiligh sé léi, agus do thóg sé an *t-ephod* agus na híodail agus an rud snoite agus do ghluais sé leó.

21 Ansan, nuair a bhíodar ag imeacht, agus an t-aos óg agus an áirnéis agus gach ní go raibh tairbhe ann curtha rómpu amach acu, 22 agus iad tamall ó thigh Mhichais, do chruinnigh na fir a bhí i dtithibh Mhichais agus do leanadar iad 23 agus bhíodar ag liúirigh 'na ndiaidh. D'fhéachadar san laistiar díobh agus dúradar le Michas: Cad é sin ort? Cad chuige dhuit bheith ag gol: 24 Agus d'fhreagair seisean: Tá mo dhéithe, na déithe a dheineas dom féinig, agus an sagart, agus a bhfuil 'en tsaol agam agaibh á bhreith uaim, agus deireann sibh: Cad é sin ort? 25 Agus duairt clann Dain leis: Seachain agus ná habair a thuilleadh linn, le heagla go dtiocfadh fir i bhfeirg ort agus go n-ídeofí thu féin agus do theaghlach. 26 Agus chomáineadar leó an tslí a bhí tosnaithe acu. Ach ó chonaic Michas gur threise iad ná é féin d'iompaigh sé abhaile chun a thí féin.

27 Ansan do thóg an sé chéad fear leó an sagart agus na nithe adúramair cheana agus thánadar go dtí Lais ag triall ar dhaoineibh a bhí socair sámh agus bhuaileadar iad le faobhar an chlaímh agus do loisceadh an chathair le tine, 28 agus ní raibh aon fhear in aon chor a thug aon chabhair chúthu, mar bhíodar 'na gcónaí rófhada ó Shídon agus ní raibh aon chómhluadar ná aon ghnó acu á dhéanamh le héinne. Agus bhí an chathair i dtír Rohoib agus chuireadar suas arís í agus chónaíodar inti, 29 agus thugadar Dan mar ainm uirthi ó ainm a n-athar, mac Israél, agus Lais an ainm a bhí ar an gcathair roimis sin. 30 Agus chuireadar suas dóibh féin an t-íodal snoite agus bhí Iónatan mac Gheroin mhic Mhaoise, agus a chlann mhac, 'na sagartaibh i dtreibh Dain go dtí lá a mbraighdínis. 31 Agus d'fhan íodal Mhichais acu i gcaitheamh na haimsire go léir an fhaid a bhí tigh Dé i Siló.

In sna laethibh sin ní raibh aon rí in Israél.

Caib. a Naoidéag

Tugtar lóistín do Levíteach áirithe i dtigh seanóra i nGabaa, i dtreibh Bheniamín, agus a bhean aige á thabhairt abhaile leis. Tugaid cuirpigh drochúsáid don mhnaoi san áit sin agus factar

Leabhar na mBreithiún

marbh í ar maidin. Deineann a fear miota beaga dá corp agus cuireann sé blogh acu chun gach treibhe in Israél dhá iarraidh orthu díoltas a dhéanamh ar an ngníomh cailte sin.

1 Bhí Levíteach áirithe, agus bhí sé 'na chónaí ar chliathán cnuic Ephraim, agus phós sé bean ó Bhetlehem Iúda: 2 agus d'imigh sí uaidh agus chuaigh sí abhaile go tigh a hathar i mBetlehem agus d'fhan sí aige ar feadh trí* mhí. 3 Ansan do lean a fear í, óir bh'áil leis síocháin a dhéanamh léi agus labhairt go cneasta léi agus í ' bhreith abhaile leis, agus bhí seirbhíseach aige agus dhá asal. Do ghlac sí é agus do rug sí leis isteach i dtigh a hathar é. Agus nuair ' airigh athair a chéile an méid sin, agus nuair a chonaic sé é do ghlac sé le háthas é, 4 agus do rug sé idir a lámhaibh air, agus d'fhan an cleamhain i dtigh athar a chéile ar feadh trí lá ag ithe agus ag ól 'na theannta go muínteartha. 5 Ach an ceathrú lá d'éirigh sé* ar maidin agus ba mhaith leis bheith ag imeacht. Ach do chimeád athair a chéile é agus duairt sé leis: Blais ar dtúis beagán aráin agus neartaigh do ghoile, agus ansan beidh tú ag imeacht. 6 Agus shuíodar i bhfochair a chéile ag ithe agus ag ól. Agus duairt athair na mná óige lena chleamhain: Aicim ort, fan anso inniu agus bímís súch i dteannta ' chéile. 7 Ach d'éirigh seisean agus chrom sé ar bheith a d'iarraidh imithe. Ach má dhein do dhein athair a chéile tathant dian air agus chuir sé ' fhéachaint air fanúint aige. 8 Ach nuair a tháinig an mhaidean arís d'ollmhaigh an Levíteach é féin chun imithe. Agus duairt athair a chéile leis arís: Aicim ort, caith roinnt bídh agus neartaigh thu féin, go dtí go mbeidh tuilleadh den lá caite, agus ansan féadfair imeacht. Agus d'itheadar bia i bhfochair a chéile. 9 Agus d'éirigh an fear óg chun imithe in éineacht lena mhnaoi agus lena sheirbhíseach. Agus do labhair athair a chéile arís leis: Tuig go bhfuil an lá ag titim agus go bhfuil an tráthnóna ag teacht. Fan agam inniu, leis, agus caith an lá go meidhreach, agus imeóir amáireach chun do thí féin. 10 Ní aontódh a chleamhain lena chainnt. D'imigh sé* agus tháinig sé ar aghaidh Iebuis anonn ar a dtugtar ainm eile, eadhon Iérúsalem, agus dhá asal aige á ghiollacht, agus a leannán¹ lena chois. 11 Agus thánadar i ngar do Iebus agus bhí an oíche ag teacht: agus duairt an seirbhíseach lena mháistir: Aicim ort, tar agus iompaímís isteach i gcathair na Iebusíteach agus glacaimís lóistín ann. 12 Agus d'fhreagair a mháistir é: Ní raghad isteach i mbaile náisiúin eile nách de chlaínn Israél, ach raghad anonn go dtí Gabaa, 13 agus nuair a raghaimíd ann glacfaimíd lóistín ann, nú i gcathair Rama. 14 mar sin do ghabhadar thar Iebus agus do leanadar orthu agus chuaigh grian fé orthu nuair a bhíodar in aice le Gabaa, atá i dtreibh Bheniamín: 15 agus d'iompaíodar isteach ann chun fanúint ann i gcómhair na hoíche*. 16 Agus féach do chonacadar seandúine ag teacht as an bpáirc óna chuid oibre um thráthnóna, agus ó chnuc Ephraim ab ea é sin, leis, agus duine iasachta ab ea é 'na chónaí i nGabaa. Ach b'iad clann Iéminí² lucht áitribh na tíre sin. 17 Agus do thóg an seandúine suas a shúile agus chonaic sé an duine 'na shuí i sráid na cathrach in aice a chuid ualaí, agus duairt sé leis: Cá dtánaís? Agus ca bhfuileann tú ag dul? 18 Agus d'fhreagair seisean é: Thánamair a Betlehem Iúda agus táimíd ag dul chun ár mbaile, atá ar thaobh chnuic Ephraim. Is as san a chuamair go dtí Betlehem, agus táimíd ag dul anois go tigh Dé agus ní háil le héinne sinn do ghlacadh féna dhíon. 19 Tá tuí againn, agus féar tirim do sna hasalaibh le n-ithe, agus tá arán agus fíon agam dom féin agus dom chailín agus don tseirbhíseach atá lem chois. Níl aon ní uainn ach lóistín. 20 Agus d'fhreagair an seandúine é: Síocháin go raibh agat: tabharfadsa dhuit gach ní atá riachtanach: ach aicim ort ná fan ar an sráid. 21 Agus do rug sé leis isteach 'na thigh é agus thug sé rud le n-ithe dá asalaibh, agus do níodar a gcosa agus d'ollmhaigh sé féasta dhóibh. 22 Nuair a bhíodar go súch agus iad ag neartú a gcorp le bia agus le dígh tar éis a n-aistir, tháinig fíir na cathrach san, maca Bheliail (eadhon, gan chúing), tímpall ar thigh an tseandúine, agus bhíodar ag bualadh an dorais, agus ag glaoch ar fhear an tí, agus deiridís: Tabhair chúinn amach anso an fear a tháinig isteach id thigh go ndeinimid mí-úsáid de. 23 Agus

1 Caib. 19. véar. 10. "Leannán", concúbína. B'í a bhean phósta í go dleathach. Ach tugtar go minic sa scriptiúir "concúbína" ar mhnaoi phósta dhleathach (feic lastuas, Caib. 8. véar. 31).

2 Véar. 16. "Iéminí", eadhon "Beniamín".

chuaigh an seandúine amach ag triall orthu agus duairt sé: Ná deinidh an ní sin, a bhráithre. Ná deinidh rud chómh mallaithe*. 24 Tá iníon agamsa agus is maighdean í, agus tá leannán ag an bhfear so. Tabharfad chúibh amach iad agus deinidh iad d'úmhlú agus úr ndrúis do shásamh orthu, ach ná deinidh ar an bhfear an choir sin atá in aghaidh nádúra. 25 Ní bheidís sásta lena chainnt, agus nuair a chonaic an fear an méid sin, thug sé chúthu amach a leannán agus thug sé dhóibh í le mí-úsáid. Bhíodar dhá mí-úsáid fan na hoíche agus ansan do scaoileadar uathu í ar maidin. 26 Ar éirí an lae tháinig an bhean go dtí doras an tí 'na raibh a tiarna ar lóistín agus thit sí ar an áit sin. 27 D'éirigh an fear ar maidin agus d'oscail sé an doras chun go gcríochnódh sé an t-aistear a bhí tosnaíthe aige, agus féach, bhí a leannán sínte lasmu' den doras agus a lámha leata amach aici ar an dtáirsigh. 28 Do mheas seisean gur ag glacadh suaimhnis a bhí sí, agus duairt sé léi: Éirigh agus bímís ag gluaiseacht. Ach níor thug sí aon fhreagra air, agus chonaic sé go raibh sí marbh. Ansan do thóg sé suas í agus chuir sé ar muin an asail í agus d'fhíll sé chun a thí. 29 Agus nuair a bhí sé tagaithe abhaile do thóg sé claíomh agus do roinn sé corp a mhná, agus a cnámha, 'na dhá chuid déag agus chuir sé na coda san go dtí críocha Israél go léir. 30 Agus nuair a chonaic gach éinne an ní sin, do liúodar go léir amach: Níor deineadh riamh a leithéid de ní in Israél ón lá a tháinig ár n-aithreacha aníos as an Éigipt go dtí an lá so! Tugtar breith, agus socraítear go coiteann ar cad is ceart a dhéanamh.

Caib. a Fiche

Cath dá bhriseadh dha uair ar Israél ag troid in aghaidh Bheniamín. Ach sa tríú cath maraítear na Beniamítigh go léir ach amháin sé chéad fear.

1 Ansan do chuaigh clann Israél go léir amach agus do chruinníodar, ó Dhan go Bersabee, mar aon le tír Ghalaaid, i dteannta ' chéile, mar ' bheadh aon fhear amháin, chun an Tiarna i Maspha. 2 Agus tháinig i bhfochair a chéile, taoisigh an phobail, agus treibh Israél, i gcómthionól phobail Dé, cheithre chéad míle troitheach agus iad oiriúnach chun cogaidh. 3 (Agus ní raibh clann Bheniamín gan ' fhios acu clann Israél a bheith tagaithe aníos go Maspha.) Agus an Levíteach, fear na mná a maraíodh, nuair a fiafraíodh de conas a deineadh a leithéid de mhallaitheacht, 4 d'fhreagair sé: Do thánag go Gabaa Bheniamín, me féin agus mo bhean, agus ghlacas lóistín ann: 5 agus féach tháinig fir na cathrach san, san oíche, timpall ar an dtigh 'na rabhas, chun me ' mharú, agus d'imreadar a leithéid de bhuile drúise ar mo mhnaoi go bhfuair sí bás fé dheireadh. 6 Agus thógas í agus ghearras 'na smutaibh í agus chuireas na smuit isteach i gcríochaibh uile úr sealús: óir níor deineadh riamh in Israél coir chómh mallaithe, gráinniúlacht chómh caillte. 7 Táthaoi go léir anso, a chlann Israél, socraídh ar cad is ceart díbh a dhéanamh. 8 Agus bhí na daoine go léir 'na seasamh, agus d'fhreagradar mar a fhreagródh guth aon fhir amháin: Ní fhíllfimid chun ár gcábán, agus ní raghaidh éinne againn thar n-ais chun a thí féin, 9 ach déanfaimid so in éineacht in aghaidh Ghabaa. 10 Tógfaimid deichniúr as gach céad a treabhaibh uile Israél, agus céad as gach míle, agus míle as gach deich míle chun bídh a thabhairt chun na sló, i dtreó go bhféadfaimid cómhrac in aghaidh Ghabaa Bheniamín agus a mallaitheacht do chúiteamh léi fé mar atá tuillte aici.

11 Agus do chruinnigh Israél go léir in aghaidh na cathrach, ar nós aon fhir amháin, ar an aon aigne amháin, agus ar an aon íntinn amháin: 12 agus chuireadar teachtairí chun treibhe Bheniamín uile dhá rá leo: Cad a bheir mallaitheacht chómh gráinniúil ar úr measc? 13 Tugaidh suas na fir ó Ghabaa, na fir a dhein an choir mhallaithe seo, go gcurfar chun báis iad, agus go dtógfad an drochní amach a hIsraél. Ach ní éistfidís le cómhairle a mbráthar, clann Israél: 14 ach is amhlaidh a chruinníodar iad féin i dteannta ' chéile isteach i nGabaa as na cathrachaibh go léir a bhí 'na gcrannchur, chun cabhráithe le Gabaa agus chun cómhraic in aghaidh chlainne Israél go léir.

Leabhar na mBreithiún

15 Agus do fuaradh de Bheniamín chúig mhíle fhichid fear do tharraigeadh claíomh, in éaghmáis lucht áitribh Ghabaa 16 a bhí líon seacht gcéad fear d'fhearaibh ana-chróga a dheineadh cómhraic leis an láimh chlé chómh maith agus 'dheineadís leis an láimh dheis, agus do chaitheadh clocha a chrannaibh tabhail chómh díreach san go mbuailidís dá mb'é an ribe é, agus ná caillidís mar gheall ar an gcloich do dhul ar thaobh ná ar an dtaobh eile.

17 Agus ar fhearaibh Israél, leis, in éaghmáis, chlainne Bheniamín, do fuaradh cheithre chéad míle do tharraigeadh claimhte agus do bhí ollamh chun cómhraic.

18 Agus d'éiríodar agus thánadar go dtí tigh Dé atá i Siló, agus d'iarradar cómhairle ar Dhia, agus dúradar: Cé 'bheidh i dtosach ár sló ag dul sa chath in aghaidh chlainne Bheniamín? Agus d'fhreagair an Tiarna iad: Bíodh Iúda 'na thaoiseach oraibh.

19 Agus láithreach d'éirigh clann Israél ar mhaidin agus champaíodar ag Gabaa, 20 agus chuadar amach as san chun cómhraic in aghaidh Bheniamín agus dhíríodar ar thabhairt fén gcathair. 21 Agus tháinig clann Bheniamín amach as an gcathair agus mharaíodar an lá san dhá mhíle fhichid fear de chlaínn Israél.

22 Agus do chuir clann Israél a slua i gcóir arís chun catha san áit chéanna 'nar throideadar cheana, trína n-iontaoibh as a neart féin¹: 23 ach go ndeigheadar suas ar dtúis agus go rabhadar ag gol os cómhair an Tiarna go dtí an oíche. Agus d'iarradar cómhairle air agus dúradar: An raghad amach, nú ná raghad, a thuilleadh, chun cómhraic in aghaidh mo bhráthar, clann Bheniamín? Agus duairt sé: Éirigh suas 'na gcoinnibh agus cómhraic leó. 24 Agus nuair a chuaigh clann Israél amach an lá 'na dhiaidh san chun cómhraic le cláinn Bheniamín 25 do thug clann Bheniamín fogha fúthu amach a geataibh Ghabaa agus d'ionnsaíodar iad agus dheineadar a leithéid sin d'éirleach orthu gur mharaíodar ocht míle dhéag fear díobh a tharraigeadh claíomh. 26 Ansan tháinig clann Israél go léir go tigh Dé agus do shuíodar os cómhair an Tiarna agus iad ag gol, agus dheineadar troscadh go tráthnóna an lá san, agus d'íbreadar *holocauistí* agus *victimí* síochána, 27 agus d'fhiafraíodar de i dtaobh an staid ar a rabhadar. Bhí airc chonnartha an Tiarna san áit an uair sin, 28 agus bhí an tigh fé chúram Phinees mhic Eleasair mhic Aaroin. Agus d'iarradar cómhairle ar an dTiarna agus dúradar: An raighimid amach a thuilleadh ag cómhraic in aghaidh chlainne Bheniamín, in aghaidh ár mbráthar, nú an stadfaimid? Agus duairt an Tiarna leó: Téidh suas, óir tabharfad isteach 'núr lámhaibh díbh iad amáireach. 29 Agus do chuir clann Israél fir i bhfolach mórhímpall ar chathair Ghabaa, 30 agus do ghléasadar a slua in aghaidh Bheniamín an tríú huair, mar a dheineadar an chéad uair agus an tarna huair. 31 Agus tháinig clann Bheniamín amach as an gcathair go dána, agus chonacadar a namhaid ag teitheadh agus do leanadar iad i bhfad amach, i dtreó gur ghoineadar agus gur mharaíodar cuid acu, mar a dheineadar an chéad lá agus an tarna lá, agus iad ag teitheadh fan dhá bhóthar mhóra, bóthar acu ag dul go Betel agus an bóthar eile go Gabaa, agus gur mharaíodar tímpeall deich feara fichid: 32 óir cheapadar iad d'ídiú fé mar a dheineadar cheana. Ach do leogadar san orthu go gasta gur a' teitheadh a bhíodar dáiríribh, chun iad do tharrac amach ón gcathair, agus le bheith dhá leogaint orthu gur ag teitheadh a bhíodar, iad do tharrac chun na mbóithre úd adúradh. 33 Ansan d'éirigh clann Israél go léir as na háiteannaibh 'na rabhadar agus go ghléasadar a slua san áit ar a dtugtar Baaltamar. Agus na fir a bhí i bhfolach mórhímpall ar an gcathair thosnaíodar ar theacht as na folachaibh i ndiaidh ar ndiaidh 34 agus ar ghluaiseacht ón

1 Caib. 20. véar. 22. "A neart féin". Do cheadaigh an Tiarna go mbuafí orthu agus go marófí a lán acu, bíodh gur ar son an chirt a bhíodar ag troid, mar phionós orthu de bharr an íodaladhartha a bhí acu á dhéanamh, nú á cheadú, i dtreibh Dain agus in áiteannaibh eile, agus, leis, mar gheall ar iúntaoibh rómhór a bheith acu as a neart féin. Dá bhrí sin, bíodh go nduairt sé leó troid, ní thabharfadh sé an bua dhóibh go dtí go rabhadar úmhlaithé i gceart agus gur múineadh dóibh iúntaoibh a bheith acu as Dia amháin.

dtaobh thiar den chathair. Agus tháinig deich míle eile, d'fhearaibh a togadh a hIraél go léir, agus d'ionnsaíodar muintir na cathrach. Ansan bhí an cath ag dul i ngéire in aghaidh chlainne Bheniamín: agus níor thuigeadar go raibh bás á bhagairt orthu ón uile thaobh. 35 Agus chuir an Tiarna briseadh catha orthu os cómhair chlainne Israél, agus do mhairbh clann Israél an lá san chúig mhíle fhichid agus céad díobh, fir chómhraic an uile dhuine, fir a tharraigeadh claíomh. 36 Ansan, nuair a chonaic clann Bheniamín iad féin rólag do thosnaíodar ar theitheadh. Do chonaic clann Israél an ní sin agus thugadar caoi ar theitheadh dhóibh i dtreó go dtiocfaidís mar a raibh na fir i bhfolach in aice na cathrach. 37 Ansan d'éirigh na fir a bhí i bhfolach, go hobann, as na scáthannaibh, agus chuadar isteach sa chathair agus bhíodar ag cur muintire na cathrach fé ghoin claímh an fhaid a bhí Beniamín ag teitheadh ón muintir a bhí ar a dtóir féin. 38 Ach bhí cómharta tabhartha ag claínn Israél don mhuintir a bhí i bhfolach, tine do dhéanamh sa chathair nuair a bheadh an chathair tógtha acu, i dtreó go n-éireódh an deatach suas agus go dtaispeánfadh sé an chathair a bheith tógtha. 39 Agus nuair a chonaic clann Israél san, agus iad sa chath (óir do mheas clann Bheniamín go rabhadar ag teitheadh agus do leanadar iad go dian agus mharaíodar deich feara fichid díobh) 40 agus thugadar fé ndeara an buthaire deataigh ag éirí as an gcathair, agus nuair ' fhéach Beniamín laistiar de, leis, agus chonaic sé go raibh an chathair tógtha agus go raibh na lasracha ag éirí in áirde, 41 an mhuintir a bhí roimis sin dhá leogaint orthu go rabhadar ag teitheadh, d'iompaíodar agus thugadar aghaidh orthu agus sheasaíodar 'na gcoinnibh go cróga. Nuair a chonaic clann Bheniamín san d'iompaíodar féin 42 agus theitheadar i dtreó an uaighis, agus do lean a namhaid ar a dtóir an treó céanna. Agus tháinig an mhuintir a chuir an tine sa chathair amach 'na gcoinnibh, 43 i dtreó go raibh a namhaid dhá marú ó gach taobh agus ná raibh aon tsuaimhneas ag á bhfearaibh le fáil agus iad ag dul chun báis. Do thiteadar agus do leagadh ar lár iad ar an dtaobh thoir de chathair Ghabaa. 44 Agus an mhuintir a maraíodh san áit chéanna san ocht míle dhéag fear ab ea iad, saighdiúirí ana-chróga, an uile dhuine acu. 45 Agus nuair a chonaic an méid a bhí fágtha de Bheniamín an ní sin, do theitheadar amach sa bhfiantas agus thugadar aghaidh ar an gcarraig ar a dtugtar Remmon. Sa teitheadh sin, leis, bhíodar ag scaipeadh agus ag gabháil bóithre fé leith, agus do maraíodh chúig mhíle acu; agus do leanadh níos sia iad agus do maraíodh dhá mhíle eile acu. 46 Agus do thárla, gach ar maraíodh de Bheniamín, in áiteannaibh iolartha, gur chúig mhíle fhichid d'fhearaibh cómhraic gurbh ea iad, agus iad ana-chróga chun cogaidh. 47 Agus níor fágadh, d'uimhir Bheniamín ar fad, ach sé chéad fear a dh'fhéad dul as agus teitheadh chun an fhiantais, agus do chónaíodar i gcarraig Remmoin ar feadh cheithre mhí. 48 Ach nuair a tháinig clann Israél thar n-ais chuireadar a raibh sa chathair ar fad fé ghoin claímh, idir dhaoine agus bheithígh, agus d'ídíodar le tine chraosach cathracha agus bailte Bheniamín go léir.

Caib. Dhá Dheich a hAon

Sábháltar treibh Bheniamín ó dhul ar neamhni ar fad, le mnáibh a dh'fháil don sé chéad fear díobh a fágadh.

1 Dhein clann Israél dearbhú i Maspha, leis, agus dúradar: Ní thabharfaidh éinne againn éinne dá chlaínn iníon do chlaínn Bheniamín le pósadh. 2 Agus thánadar go léir go tigh Dé i Síló, agus d'fhanadar 'na láthair go tráthnóna, agus d'árdaíodar a nglór agus bhíodar ag gol agus ag cáí, agus deiridís: 3 Ó a Thiarna Dia Israél, cad a bheir olc chómh mór tagaithe ar do phobal, aon treibh amháin a bheith tógtha as ár measc inniu? 4 Agus d'éiríodar go moch amáireach a bhí chúinn agus chuireadar suas altóir agus d'íbreadar *holocauist* agus *victimí* síochána agus dúradar: 5 Cé atá ar threabhaibh Israél go léir nár tháinig aníos in éineacht le slua an Tiarna? Óir bhíodar tar éis iad féin do cheangal fé dhearbhu ana-mhór, nuair a bhíodar i Maspha, go gcaithfí éinne ná raibh ann do chur chun báis. 6 Agus thosnaigh clann Israél, nuair a bhí an t-aithreachas orthu mar gheall ar a

mbráthair Beniamín, ar a rá: Tá aon treibh amháin tógtha amach a hIзраél. 7 Cá bhféadfaid siad mná ' thógaint? Óir tá dearbhaithe againn go léir in éineacht gan ár n-iníonacha ' thabhairt dóibh. 8 Dá bhí sin, dúradar: Cé hé de threibh uile Israél nár chuaigh suas chun an Tiarna i Maspha? Agus féach do fuaradh ná raibh muintir Iábes Ghalaaid sa tslua san. 9 (Agus an uair sin féin, nuair a bhíodar i Síló, ní raibh éinne acu le fáil ann.) 10 Dá bhí sin chuireadar deich míle de sna fearaibh ba chróga uathu agus thugadar órdú dhóibh, dhá rá leo: Imídh agus cuiridh fé ghoin claímh muintir Iábes Ghalaaid, iad féin agus a mná agus a gclann. 11 Agus seo mar a dheánfaidh sibh. Cuiridh chun báis na fireanna go léir, agus na mná a chuir aithne ar fhearaibh, ach sábhálaidh na maighdeana. 12 Agus do fuaradh, de Iábes Ghalaaid, cheithre chéad maighdean nár chuir aithne ar leabaidh fir, agus thugadar leo iad go dtí an longphort i Síló, isteach i dtír Chanaain. 13 Ansan chuireadar teachtairí ag triall ar chlaínn Bheniamín a bhí i gcarraig Remmoin agus d'órdaíodar dóibh iad do ghlacadh i síocháin. 14 Agus tháinig clann Bheniamín an uair sin agus do tugadh dóibh mar mhnáibh iníonacha Iábes Ghalaaid. Ach ní bhfuadar a thuilleadh le tabhairt ar an gcuma gcéanna.

15 Agus bhí Israél go léir ana-bhuartha agus aithreachas orthu mar gheall ar aon treibh amháin a bheith ídithe acu amach a hIзраél. 16 Agus duairt na seanóirí: Cad a dhéanfaimid leis an gcuid eile seo ná fuil aon mhná fála acu? Óir tá mná Bheniamín go léir marbh, 17 agus ní foláir dúinn aire mhaith a thabhairt agus an gnó ' dhéanamh go himníoch, sara n-ídeóifí aon treibh amháin amach a hIзраél. 18 Ach i dtaobh ár n-iníonacha féin, ní féidir dúinn iad a thabhairt, mar táimid fé cheangal dearbhaithe agus fé cheangal eascaine, trí mar adúramair: Mallacht ar an té a thabharfaidh do Bheniamín éinne dá chlaínn iníon mar mhnaoi.

19 Agus do ghlacadar cómhairle agus dúradar: Féach, bíonn gach bliain solamnacht chun an Tiarna i Síló atá suite ar an dtaobh thuaidh de Bhetel, agus ar an dtaobh thoir den tslí a théann ó Bhetel go Sicheam, agus ar an dtaobh theas de dhún Lebona. 20 Agus thugadar órdú do chlaínn Bheniamín agus dúradar leo: Imídh agus téidh i bhfolach in sna fhíonghortaibh, 21 agus nuair a chífidh sibh iníonacha Síló ag teacht amach, mar is gnáth, chun rínice, tagaidhse go hobann as na fíonghortaibh agus beireadh gach fear agaibh ar a mhnaoi féin 'na measc agus imídh go dtír Bheniamín.

22 Ansan, nuair a thiofadh a n-aithreacha agus a mbráithre ag gearán oraibh agus ag casaoid libh, déarfaimidne leo: Bíodh trua agaibh dóibh, óir ní le héileamh cirt **ch**ogaidh ná le bua a rugadar leo iad, ach nuair ' iarradar iad ní thabharfadh sibhse dhóibh iad, agus is sibhse féin a dhein an drochbheart. 23 Agus do dhein clann Bheniamín an rud adúradh leo a dhéanamh: agus de réir a n-uimhre do thógadar leo dhóibh féin, gach fear acu a bhean féin, as lucht an rínice: agus chuardar isteach 'na sealús agus chuireadar suas a gcathracha agus chónaíodar iontu.

24 Chuaigh clann Israél, leis, thar n-ais chun a dtreabh agus chun a muintear agus chun a dtithe cónaithe. In sna laethibh sin ní raibh aon rí in Israél, ach gach éinne ag déanamh an ruda do shamhlaigh sé féin a bheith ceart.*

Nótaí

4 *Go ndeigh an dornchar isteach*: a later hand corrects the translation by adding here *sa ghearradh*.

4 *Ansan d'aimsíodar eochair*: a later hand adds a footnote to complete the translation by adding before these words the following: *Agus nuair nár oscladh an doras*. The intended meaning, as shown by the Douay Bible, was "and seeing that no man opened the door". The suggested wording, using the past autonomous, fails to give h-prefixation of the verb.

Leabhar na mBreithiún

- 5 *A dheich míle carbat searrtha*: this is a mistranslation, as the Douay Bible has “his nine hundred chariots armed with scythes”.
- 6 *Thóg sí casúr*: a later hand competes the translation by adding here *leis*.
- 7 *Do throid ríthe Chanaain agus Tanaich*: this is a mistranslation, as the Douay Bible has “the kings of Chanaan fought in Thanach”.
- 10 *Agus nuair ’ éirigh muíntir na cathrach san ar maidin [agus] nuair a chonacadar altóir Bhaal réabtha*: the word *agus* is added by a later hand and retained here to complete the sense.
- 10 *Fiche míle fear*: the Douay Bible here has “two and twenty thousand men”, and so a later hand corrects the translation here to *dhá mhíle fichead fear*.
- 11 *Séididhse, leis, úr dtrúmpaí ar gach aon taobh den longphort*: a later hand completes the translation by adding here *agus cuiridh suas liú: don Tiarna agus do Ghedean an bua*.
- 11 *An longphort*: a later hand corrects the translation here to *longphort an namhad*.
- 12 *Duairt sé leó san*: a later hand completes the translation by adding here *leis*.
- 13 *Gedean mac Ioais*: the Douay Bible here has Jerobaal the son of Joas, referring to Gedeon by another name.
- 14 *Le heagla roimena dhriotháir*: a later hand completes the translation by adding here *Abimelech*.
- 15 *Agus d’imdhruid sé an chathair*: a later hand corrects the translation to *agus d’imdhruid sé agus do bhuail sé an chathair*.
- 15 *Thug Abimelech fogha fén gcathair*: a later hand completes the translation by adding here *an lá san go léir*.
- 16 *Ónár dTiarna*: a later hand completes the translation by adding here *Dia*.
- 17 *Duairt an Tiarna Dia leó*: the word *Dia* is otiose here and is scored out by a later hand.
- 17 *Iephte an Galaadíteach*: a later hand completes the translation by adding here *fear ana-láidir, calma i gcath*.
- 18 *Chuaigh sé mórthimpall ar thír Edoim, ag á imeall, agus ar thír Mhoib*: a later hand completes the translation by adding here *agus chuaigh sé ar aghaidh tíre Mhoibh soir*.
- 18 *Níorbh áil leis dul isteach i gcrích Mhoib*: a later hand completes the translation by adding here *óir teóra tíre Mhoib an Arnon*.
- 18 *Duairt sise*: a later hand here adds *leis*.
- 18 *Tabhair dom an ní seo*: a later hand completes the translation by adding before these words *duairt sí lena hathair*.
- 19 *Do dhein sé léi de réir mar a bhí móidithe aige*: a later hand completes the translation by adding here *agus níor aithin sí aon fhear*.
- 19 *Bhí Iephte an Galaadíteach ’na bhreithiún ar Israél ar feadh sé mblian*: a later hand completes the translation by adding here *ansan fuair sé bás agus do cuireadh é ’na chathair féin, Galaad*.
- 20 *Dhein clann Israél an t-olc i radharc an Tiarna*: a later hand completes the translation by adding here *arís*.
- 20 *Ní raibh a fear Manue ’na teannta agus*: a later hand completes the translation by adding here via footnote in the manuscript *nuair a chonaic sé an t-aingeal*.
- 20 *Ní íosfad aon ní ded bhia*: a later hand completes the translation by adding before these words *má leanann tú ag tathant orm*.
- 20 *Libátíona*: a later hand adjusts this to *ofrálacha dí*.
- 21 *Libátíona*: a later hand adjusts this to *ofrálacha dí*.
- 22 *An seachtú [lá]*: the word *lá* is inserted by a later hand and retained to complete the sense.
- 22 PUL translates the footnote to Breithiún 15:4 as shown in Bishop Challoner’s edition of the Douay Bible, but then adds *ní dó’ liom go bhfuil ciall rómhaith leis an nóta san*. Accordingly, the footnote is crossed out entirely by a later hand.
- 23 *Le téadaibh*: a later hand corrects the translation to *le dhá théid*.

Leabhar na mBreithiún

- 24 *Seacht téadaibh*: we don't have eclipsis of *téadaibh* here as the t of *seacht* devoices *dtéadaibh*.
- 24 *Chuaigh sí ag triall ar phríúnsaibh na bhFilistíneach agus duairt sí leó*: a later hand amends this to *chuir sí scéala ag triall ar phríúnsaibh na bhFilistíneach, á rá*.
- 24 *Do rugadar leó an t-airgead*: a later hand completes the translation by adding here *a bhí geallta acu*.
- 24 *Chrom sí ar é ' dhibirt uaithi agus ar é ' chaitheamh amach uaithi*: a later hand completes the translation by adding here *óir d'imigh a neart uaidh láithreach*.
- 25 *Agus chonaic na daoine an ní sin*: a later hand completes the translation by amending it to *aguc chonaic na daoine leis an ní sin*.
- 25 *Rud snoite, agus leachta*: a later hand amends the manuscript here to *dia snoite, agus leachta*. However, as the Latin Vulgate here has *sculptile atque conflatile*, with no Latin word for “god”, the amendment appears purely based on the wording of the English-language Douay Bible. Consequently, PUL's original form is retained as correct.
- 27 *Rud snoite, agus leachta*: a later hand amends the manuscript here to *dia snoite, agus leachta*. Once again, the Latin Vulgate has *sculptile, atque conflatile*, which is closer to PUL's original wording.
- 27 *Do thóg an mhuintir a chuaigh isteach an rud snoite agus an t-ephod agus agus na híodail agus an rud leachta*: once again a later hand adjusts *an rud snoite* and *an rud leachta* to *an dia snoite* and *an dia leachta* respectively, despite the fact that PUL's original wording fully reflects the wording of the Latin Vulgate.
- 28 *Ar feadh trí mhí*: a later hand corrects the translation to *ar feadh cheithre mhí*.
- 28 *D'éirigh sé ar maidin*: a later hand corrects the translation to *d'éirigh sé go moch ar maidin*.
- 28 *D'imigh sé*: a later hand corrects the translation by adding here *láithreach*.
- 28 *D'iompaíodar isteach ann chun fanúint ann i gcómhair na hoíche*: the translation of Breithiún 19:15 is completed on the back of a page in the manuscript, where a later hand adds *agus nuair a thánadar isteach, bhíodar 'na suí i lár sráide na cathrach, mór ná glacfadh éinne isteach iad*.
- 29 *Ná deinidh rud chómh mallaithe*: the translation of Breithiún 19:23 is completed on the back of a page in the manuscript, where a later hand adds *óir, tháinig an fear so isteach im thigh ar lóistín, agus cuiridh uaibh an díth céille sin*. (The suggested spelling was *díchéille*, indicating that an editor with an inadequate grasp of Muskerry Irish was making unwarranted amendments in the manuscript.)
- 32 A note in the manuscript here states: *an tríú lá fichid den Abrán, sa bhliain d'aois an Tiarna míle naoi gcéad a cúigdéag, a críochnaíodh*.